



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Cáipéis Eolais agus Treoir d'fhorbairt mhodúil na sraithe sinsearaí don scoláire tar éis Cláir Foghlama Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó

Feabhra 2023

An Clár Ábhar

LIOSTA GIORRÚCHÁN	4
1. RÉAMHRÁ	6
2. CÚLRA MAIDIR LE SOLÁTHAR AN OIDEACHAIS SPEISIALTA IN ÉIRINN	7
Stair sholáthar an oideachais speisialta in Éirinn	7
Forbairtí maidir le reachtaíocht, beartas, agus cleachtas chun oideachas speisialta a sholáthar	8
3. SOLÁTHAR AN CHURACLAIM DO SCOLÁIRÍ AR A BHFUIL MHÍCHUMAIS FOGHLAMA GHINEARÁLTA.....	13
Forbairtí curaclaim.....	13
Cláir Foghlama Leibhéal 2	14
Cláir Foghlama Leibhéal 1	14
Achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2.....	15
Critéir agus próisis a úsáideann na scoileanna chun an scoláire a aithint le haghaidh na CFL1anna agus/nó na CFL2anna	16
Aonaid Tosaíochta Foghlama agus gearrchúrsaí na gclár foghlama	17
Pleanáil agus Comhoibriú	18
Socrúithe measúnaithe agus tuairiscithe.....	18
Aiseolas eile a tháinig chun cinn san athbhreithniú	19
Conairí isteach sa tsraith shinsearach do scoláirí atá ag leanúint Cláir Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 faoi láthair	19
4. TRECHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE CONAIRÍ DO SCOLÁIRÍ FAOI MHÍCHUMAIS FOGHLAMA GHINEARÁLTA.	22
An Nua-Shéalainn	22
Queensland, an Astráil.....	23
New Brunswick, Ceanada	25
An Bhreatain Bheag.....	27
5. CEISTEANNA LE MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU	30
Spriocghrúpa agus critéir chun na modúil a rochtain	30

Leanúnachas agus dul chun cinn.....	30
Ailíniú leis an NFQ	30
Treoirlínte do scoileanna agus do mhúinteoirí	31
An tsraith shinsearach chomhtháite.....	31
Measúnú, tuairisciú agus teastasú.....	31
Conairí éagsúla agus aistrihe	31
Forbairt ghairmiúil agus cleachtais ionchuimsitheacha	32

**6. TREOIR DON MHEITHEAL FORBARTHA OIDEACHAS SPEISIALTA IAR-
BHUNSCOLAÍOCHTA..... 33**

Tagairtí	35
----------------	----

Liosta Giorrúchán

ALN	Riachtanais Bhreise Foghlama
AON	Measúnú ar Riachtanais
ATB	An Ardteistiméireacht Bhunaithe
ATF	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
CFL1anna	Cláir Foghlama Leibhéal 1
CLF2anna	Cláir Foghlama Leibhéal 2
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
DEECD	An Roinn Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige
DUF	Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim
ELPA	Measúnú ar Inniúlacht an Bhéarla
EPSEN	Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu
ESAP	Conair Ghnóthachtála maidir le Scileanna Riachtanacha
FE	Breisoideachas
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
GIL	Treoirlínte d'Fhoghlaim an Duine Aonair
HE	Ard-Oideachas
ICP	Plean Gairme don Duine Aonair
IDP	Plean Forbartha don Duine Aonair
IEP	Plean Oideachais don Duine Aonair
MFG	Míchumais Foghlama Ghinearálta
NCEA	Teastais Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais
NCSE	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
NDCO	An tOifigeach Comhordaithe Míchumais Náisiúnta
NDIS	An Scéim um Árachas Míchumais Náisiúnta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
NFQ	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
OSPS	Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte
OSSP	Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil
PE	Corpoideachas
PGSS	Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

PLP	Plean Foghlama Pearsanta
PLU	Aonad Foghlama Tosaíochta
QCAA	Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland
QCE	Teastas Oideachais Queensland
QCIA	Teastas Gnóthachtála Queensland don Duine Aonair
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RAR	Acmhainneacht Choigeartaithe Réasúnta
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SAC	Dálaí Speisialta Measúnaithe
SENO	Oifigeach um Riachtanais Speisialta Oideachais
SERC	Coiste Athbhreithnithe ar an Oideachas Speisialta
SET	Múinteoir Oideachais Speisialta
SET	Oideachas Sinsearach agus Oiliúint Shinsearach
SIM	Samhail Chuimsithe Scoile
SLES	Tacaíochtaí Fostaithe do Dhaoine a éiríonn as an Scoil
TGM	Teastas Ginearálta an Mheánoideachais
UNCRC	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
UNCRPD	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas

1. Réamhrá

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh tuarascáil chomhairleach (CNCM, 2022) i Márta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. Déanann an tuarascáil taifead agus freagraíonn sí ar thuairimí na múinteoirí, an scoláire, na dtuismitheoirí, na bpáirtithe leasmhara a bailíodh le linn an athbhreithnithe ceithre bliana ar conas a d'fhéadfadh an tsraith shinsearach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais ár ndaoine óga uile. Cuireann sé bunús láidir faoi athfhorbairt chéimnithe na sraithe sinsearaí sna blianta amach romhainn.

Aithníonn an Tuarascáil Chomhairleach croí-réimsí ar gá aird a thabhairt orthu a bheidh rithábhachtach chun an fhís i dtaca le Sraith Shinsearach athfhorbartha a fhíorú. Cuimsítear leo seo conairí níos solúbtha tríd an tSraith Shinsearach a chur ar fáil do gach aon scoláire; agus meascán níos mó d'ábhair agus de mhodúil lena n-áirítear forbairt ar mhodúil i ndiaidh na sraithe sinsearaí don scoláire ag dul chun cinn ó Chláir Foghlama Leibhéal 1 go dtí Cláir Foghlama Leibhéal 2. Dearadh Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna) don scoláire faoi mhíchumas sa réimse MFG íseal-mheánach chuig géar agus trom agus dearadh Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) chun freastal ar riachtanais an scoláire a bhfuil MFG íseal-mheánach chuig ard-mheánach orthu. Is rud é seo atá rithábhachtach chun cur le soláthar an churaclaim sa tsraith shinsearach agus atá riachtanach chun *feabhas agus cothromas do chách* a chur chun cinn. Is sa pháipéar seo a thugtar cúlra le haghaidh forbartha ar shraith modúl atá mar bhonn le haghaidh comhairliúchán ina bhféachfar le tuairimí réimse páirtithe leasmhara a fháil, lena n-áirítear múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus an scoláire chun cur le forbairt an churaclaim seo.

Déantar machnamh i gCuid 2 den pháipéar seo ar stair sholáthar an oideachais don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) aige in Éirinn. Sonraítear i gCuid 3 forbairt na CFL1anna agus na CFL2anna agus cuirtear i láthair na príomhthorthaí sa chuid seo ón athbhreithniú ar an dá chlár. Cuirtear léargas ginearálta ar fáil i gCuid 4 ar threochtaí idirnáisiúnta agus ar chleachtas reatha maidir le soláthar an oideachais speisialta i ndlínsí eile. Is i gCuid 5 a tharraingítear ar na codanna roimhe seo chun cuid de na deacrachtaí a chatagóiriú le machnamh a dhéanamh orthu i bhforbairt na modúl le haghaidh an scoláire sa tsraith shinsearach. Agus faoi dheireadh, leagtar treoir na modúl nua amach atá beartaithe i gcuid 6 den pháipéar.

2. Cúlra maidir le soláthar an oideachais speisialta in Éirinn

Leagtar amach na forbairtí suntasacha sa chuid seo maidir le hoideachas speisialta a sholáthar in Éirinn ó bunaíodh an stát in 1922, agus cuirtear béim faoi leith sa chuid seo ar scoláirí a bhfuil mhíchumais foghlama ghinearálta (MFG) acu. Leagtar amach inti freisin, na tionscnaimh agus na forbairtí beartais is ábhartha maidir le modúil na sraithe sinsearaí a fhorbairt a leanann ar aghaidh ó na CFL1anna agus na CFL2anna sa tsraith shóisearach. Cuirtear deireadh leis an gcuid ach sonraí a chur ar fáil faoin soláthar reatha in oideachas speisialta.

Tugtar sainmhíniú ar riachtanais speisialta oideachais (RSO) san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu (2004) mar seo a leanas:

... teorainn ar chumas an duine páirt a ghlacadh in oideachas agus leas a bhaint as mar gheall ar mhíchumas seasmhach fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó foghlama, nó aon fhadhb shláinte eile a chiallaíonn go bhfoghlaímíonn an duine go difriúil le hais duine d'uireasa na faidhbe sláinte céanna (Rialtas na hÉireann, 2004, lch. 6).

Aithníonn Acht EPSEN go bhfuil RSO ar chontanam, ó éadrom go géar, agus ó neamhbhuan go fadtéarma, agus go dteastaíonn leibhéil éagsúla tacaíochta ón scoláire ag brath ar na riachtanais speisialta oideachais atá sainaitheanta.

Maidir leis an scoláire a bhfuil MFG air, 'bíonn sé níos deacra dó foghlaim, tuiscint agus rudaí a dhéanamh le hais páistí eile atá comhaois leis' ach 'is féidir leis leanúint ar aghaidh ag foghlaim agus ag déanamh dul chun cinn ina shaol' bíodh is go bhfuil sé 'ar luas níos moille ná páistí eile' (NCSE, 2014, lch. 2). Tá riachtanais agus cumais an-difriúil ag an scoláire ar a bhfuil MFG éadrom go meánach le hais an scoláire ar a bhfuil MFG trom go géar. Aithníodh go raibh MFG éadrom go meánach go géar agus trom ar scoláirí atá ag leanúint na CFL1anna agus na CFL2anna sa tsraith shóisearach. Dearadh na L1LPanna don scoláirí ar a bhfuil MFG íseal-mheánach go géar agus trom agus dearadh na L2LPanna chun freastal ar riachtanais foghlama scoláirí faoi mhíchumais foghlama ghinearálta íseal-mheánach chuig ard-mheánach.

Stair sholáthar an oideachais speisialta in Éirinn

Tá stair faoi leith agus stair chasta ag gach tír maidir le hoideachas an scoláire ag a bhfuil RSO mar aon lena chuir chuige maidir le hionchuimsiú. Déanann Shevlin (2016) cur síos ar dhul chun cinn oideachas na riachtanas speisialta in Éirinn i dtrí chéim: leithlisiú, institiúidiú, agus ionchuimsiú. Ach cuireann sé in iúl nach bhfuil na céimeanna céanna líneach.

Ó bunaíodh stát na hÉireann in 1922 go dtí go luath sna 1990idí, is minic go ndearnadh an scoláire a raibh RSO aige a imeallú agus cuireadh oiliúint orthu i suíomhanna scartha, i scoileanna speisialta nó i ranganna speisialta (ibid.; Kenny, Mc Coy agus Mihut, 2020). Is ar éigean go ndearnadh aon dul chun cinn i bhforbairt an tsoláthair oideachais don scoláire a raibh RSO aige sa chéad leath den fhichiú haois (CNCM, 1999). Measadh go raibh riachtanais an scoláire seo bainteach le cúrsaí leighis den chuid is mó, agus mar sin, ceapadh nach raibh sé feiliúnach oiliúint a chur ar an scoláire ag a raibh RSO (CNCM, 2015).

Bhí lár na 1950idí ann sular chuir roinnt eagraíochtaí deonacha agus roinnt oird reiligiúnacha tús le scoileanna don scoláire ag a bhfuil RSO a bhunú, amhail, na Bráithre Críostaí, Ord na gCairmilíteach, agus Ord na nDoiminiceach (Flood, 2013). D'fhág sé seo gur bunaíodh scoileanna speisialta sa chuid is mó de na contaetha le linn na 1950idí agus na 1960idí (CNCM, 1999). Is minic go raibh scoláirí a raibh RSO acu ina gcónaí sna scoileanna speisialta seo ó aois óg (Flood, 2013). Sa chás nach raibh sé feiliúnach scoil speisialta a bhunú, cuireadh ranganna speisialta isteach sna bunscoileanna príomhshrutha (CNCM, 1999).

Ba í an Tuarascáil de Choimisiún Fiosrúcháin maidir le hÉislínn Mheabhrach (Rialtas na hÉireann, 1965) a tháinig chun cinn mar bhunchloch do bheartas oideachais speisialta in Éirinn go dtí go luath sna 1990idí. Rinneadh roinnt moltaí ann a d'imir tionchar ar fhorbairt an tsoláthair oideachais don scoláire ar a bhfuil MLG (CNCM, 1999). Ach moladh i roinnt cásanna, ranganna speisialta a chur ar fáil i scoileanna príomhshrutha, bhíothas ag iarraidh níos mó spásanna a chur ar fáil i scoileanna speisialta i gceantair chónaithe chomh maith le tuilleadh spásanna a chruthú i scoileanna speisialta lae (CNCM, 2015)

Forbraíodh beartais, reachtaíocht, agus cleachtas oideachais don scoláire a bhfuil RSO aige le tríocha bliain anuas. Ba í an tsraith cásanna dlí a rinne tuismitheoirí ar son a bpáistí, a raibh RSO acu, in aghaidh an stáit le linn na 1990idí a d'imir tionchar suntasach ar sholáthar an oideachais (Flood, 2013). Mar shampla, rialaigh breithiúnas in 1993 i bhfabhar páiste óg a raibh RSO acu sa chás O'Donoghue in aghaidh an Aire Sláinte (1993), rud a d'fhág gur seasadh leis an gceart atá ag gach páiste ar bhunoideachas atá saor in aisce (Kenny et al. 2020). Fuarthas amach sa rialú go raibh an stát faoi oibleagáid an curaclam agus an mhúinteoireacht a athrú chun a chinntiú go bhféadfadh an scoláire faoi mhíchumas an leas is fearr a bhaint as a inniúlachtaí atá acu ó dhúchas (Stevens agus O'Moore, 2009 mar atá luaite in Kenny et al., 2020). Chomh maith leis sin, leathnaigh an breithiúnas scóip an téarma 'oideachas' nuair a mhaígh an breitheamh ceannais go gcuimsítear an méid seo a leanas le hoideachas:

'...cuimsítear leis sin comhairle agus oiliúint a chur ar gach páiste, chomh maith le treoir a thabhairt dó chun cur ar a chumas an leas is fearr a bhaint as a (h)inniúlachtaí.. dá theoranta na hinniúlachtaí céanna (Glendenning, 2001, Ich. 2 mar atá luaite in MacGiolla, 2007).

Is dá bharr sin, gur leathnaíodh an sainmhíniú bunreachtúil ar 'oideachas' ionas go gcuimseofaí leis seirbhísí tacaíochta amhail atreorú, cóireáil, agus measúnacht seachas múinteoireacht agus teagasc amháin (Kenny et al., 2020).

Forbairtí maidir le reachtaíocht, beartas, agus cleachtas chun oideachas speisialta a sholáthar


Ba in 1992, a dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL, 1989) inar cuireadh i láthair coincheap de chur chuige bunaithe ar chearta maidir le soláthar an oideachais don scoláire a bhfuil RSO aige (Kenny et al., 2020). Bhunaigh an rialtas sa bhliain 1991 Coiste Athbhreithnithe ar an Oideachas Speisialta (SERC) agus d'iarr an rialtas ar an gcoiste

céanna athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí a thabhairt faoi oideachas a sholáthar do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu ó réamhscoil go dtí an iar-bhunscoil (MacGiolla, 2007).

Moladh i dTuarascáil SERC (Rialtas na hÉireann, 1993) an fhís bunaithe ar chearta a chur i bhfeidhm, a moladh laistigh de CNAACL 1989 (Kenny et al., 2020). Moladh ann freisin gur cheart an scoláire a bhfuil RSO aige a chomhtháthú i scoileanna agus i seomraí ranga príomhshrutha ionas go bhféadfaidís páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile lena bpiaraí nuair is féidir. Anuas air sin, cuireadh coincheap an chontanaim de sholáthar an oideachais i láthair sa tuarascáil don scoláire a bhfuil RSO aige i suíomhanna speisialta agus príomhshrutha. Moladh ann freisin seirbhís síceolaíochta ar scoil a cheanglófaí leis an tSeirbhís Sláinte.

Bhí tionchar thuarascáil SERC soiléir in *Páipéar Bán ar an Oideachas: Cairt don Oideachas sna Blianta Romhainn* (Rialtas na hÉireann, 1995). Mar shampla, sa Pháipéar Bán, dhearbhaigh an Rialtas gurb é an cuspóir a bheadh acu ná chun contanam de sholáthar a chinntiú do scoláirí a bhfuil RSO acu (Flood, 2013). Luadh ann go mbeadh soláthar an oideachais don scoláire a bhfuil RSO aige solúbtha agus go gcuimseofaí rogha leis an soláthar, maidir le scoil phríomhshrutha, scoil speisialta, nó meascán den phéire acu a roghnú bunaithe ar na torthaí ó mheasúnú riachtanas ar gach páiste (ibid.). Aithníodh sa Pháipéar Bán go raibh easpa reachtaíocht shubstainteach ann d'oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile in Éirinn agus leagadh amach ann an méid a ndíreofar air i reachtaíocht as seo amach.

Leanadh *Páipéar Bán ar an Oideachas 1995: Cairt don Oideachas sna Blianta Romhainn*, le roinnt píosaí reachtaíochta, rud a d'imir tionchar ar bheartas agus ar chleachtas do sholáthar an oideachais don scoláire a bhfuil RSO air, lena n-áirítear MFG. Cuimsítear leo seo an tAcht Oideachais 1998; an tAcht Oideachais (Leas), 2000; agus an tAcht um Stádas Comhionann, 2000; An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (EPSEN) 2004; an tAcht Míchumais 2005 agus Coinbhinsiún NA um Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD), rud a dhaingnígh Éire in 2018. Tá amlíne de gharspriocanna tábhachtacha i bhFíor 1 i bhforbairt bheartais agus tacaíochtaí maidir le hoideachas speisialta.



Fíor 1 Amlíne de gharspriocanna móra i bhforbairt beartas agus tacaíochtaí maidir le hoideachas speisialta.

Bhí baint an-mhór ag an Acht Oideachais 1998 le hionchuimsiú na scoláirí le RSO, de bharr gur leagadh amach a gcearta bunreacha san acht chun rochtain a bheith acu ar oideachas agus ar na hacmhainní a theastaíonn chun páirt a ghlacadh san oideachas (MacGiolla, 2007). Deirtear san Acht go bhfuil feidhm ag an Aire Oideachas chun a chinntiú go gcuirfeadh oideachas ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil RSO acu, oideachas a fheileann dá riachtanais (CNCM, 1999). Sonraítear i gCuid VII, alt 41 (f) den Acht go dtabharfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairle don Aire faoi na riachtanais, maidir le curaclaim agus siollabais, an scoláire faoi mhíchumas nó an scoláire a bhfuil RSO eile aige.

Faoi théarmaí an Achta Oideachais 1998, bhunaigh Rialtas An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) in 1999 mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (CNCM, 1999). Bhí sé mar chuspóir aige seirbhísí síceolaíochta oideachais a chur ar fáil do gach scoláire i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus i suíomhanna oideachais eile a dtugann an Roinn tacaíocht dóibh. Ní raibh an sainmhíniú ar riachtanais speisialta faoin Acht Oideachais 1998 chomh leathan leis an acht i dtuarascáil SERC 1993, agus déanta na fírinne, d'fhág sé gur fágadh páistí ar lár a raibh anghar mothúcháinach, sóisialta acu chomh maith le hangar ábharach (MacGiolla, 2007).

Bhí foráil san Acht Oideachais (Leas) 2000 do rochtain do gach páiste ar an gceart ar leibhéal oideachais faoi leith ar a laghad. Toirmiscear leis an Acht um Stádas Comhionann 2000 idirdhealú ar naoi mbonn, lena n-áirítear míchumas. Cuireann an tAcht seo an dualgas ar na scoileanna tacaíochtaí a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais an scoláire a bhfuil RSO aige.

D'athraigh Acht EPSEN 2004 tírdhreach maidir le soláthar an oideachais speisialta (Banks agus McCoy, 2017). Tugadh chun solais san acht gur cheart oideachas a chur ar pháistí a bhfuil RSO acu, nuair is féidir 'i dtimpeallacht ionchuimsitheach (Rialtas na hÉireann, 2004, lch. 5). Cuireadh an fhreagracht ar na scoileanna Pleananna Oideachais don Duine Aonair (IEPanna) a fhorbairt chun tacú le scoláirí a bhfuil RSO acu rochtain a fháil ar an gcuraclam (MacGiolla, 2007). Bhí soláthar déanta ag an Acht do bhunú na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus leagadh amach san acht, freagrachtaí na nOifigeach Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO) (ibid.).

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nár cuireadh gach alt san Acht i bhfeidhm go dtí seo (Kenny et al., 2020), ach, d'athraigh Acht EPSEN an tírdhreach oideachas in Éirinn go mór 'ó *tírdhreach ina raibh soláthar an oideachais ionchuimsitheach mar ghné den scoláireacht a bhí ag teacht chun cinn i gcóras ina raibh soláthar an oideachais ionchuimsitheach riachtanach ann*' (Meaney, Kiernan, agus Monahan 2005, lch. 209). Bhí caveat leis, áfach, maidir leis an tionchar cuí measúnaithe ar an bpáiste a bhfuil RSO orthu agus ar a bpiaráí i suíomhanna den sórt sin, rud a d'fhág go raibh ionchuimsitheacht riachtanach '*ach sa chás nárbh é seo ard-leas an pháiste nó sa chás go mbeadh seo neamh-chomhsheasmhach le soláthar éifeachtach an oideachais do na páistí lena bhfuil oideachas le cur ar an bpáiste*' (ibid. lch. 209).

Tá an Roinn Oideachais ag tabhairt faoi athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004 (EPSEN). Is é cuspóir an athbhreithnithe seo chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht ar an oideachas don scoláire ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais bhreise, suas chun dáta, ag feidhmiú go hiomlán, agus go bhfuil taithí saoil na scoláirí agus na dteaghlach curtha san áireamh inti. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí ag am an athbhreithnithe agus na nuashonruithe reachtaíochta maidir le forbairt agus le cur i bhfeidhm na modúl leantach sa tsraith shinsearach.

Dhaingnigh an tAcht Míchumais (2005) cearta na bpáistí ag a bhfuil riachtanais speisialta níos mó agus thacaigh an t-acht le haidhmeanna Acht EPSEN (NSCE, 2006). Ach, áitíonn an tAcht Míchumais nach ndéanfar forálacha do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu, ach sa chás go bhfuil acmhainní ar fáil de réir mar a chinnfidh an tAire.

Is próiseas reachtúil é an Measúnú ar Riachtanais (AON) faoin Acht Míchumais (2005) agus tugann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tuairisc faoi riachtanais sláinte agus faoi riachtanais oideachais an pháiste/an duine óig. Tá gach páiste/duine óg a rugadh ar an 1 Meitheamh 2002, nó ina dhiaidh, incháilithe le cur isteach ar Mheasúnú ar Riachtanais (AON) an FSS. Más rud é go bhfuil go bhfuil an tOifigeach Measúnaithe den tuairim go bhfuil measúnú ar riachtanais oideachais ag teastáil ó pháiste nó ó dhuine óg mar chuid de phróiseas AON an FSS, déanfaidh siad teagmháil leis an NCSE. Tá dualgas as an NCSE cuidiú leis an FSS chun measúnú ar riachtanais oideachais páiste nó duine óg a eagrú mar chuid den phróiseas seo. Tá freagracht ar an NCSE duine a ainmniú ag a bhfuil an saineolas cuí chun measúnú ar riachtanais oideachais a chur i gcrích nuair a iarrann an FSS é. Ní thagraíonn an ghné oideachais den phróiseas AON ach don mheasúnú ar riachtanais oideachais amháin mar atá sainaitheanta sa scoil mar chuid dá bpleanáil agus dá dtacaíocht dá scoláirí. Is é an eolas atá bunaithe ar an scoil a dhéanann eolas don Tuarascáil de na Riachtanais Oideachais le haghaidh AON. Cuireann an Tuarascáil eolas ar fáil don FSS ar an gcaoi a bhfuil an páiste/an duine óg ag foghlaim ar scoil agus ar an áit ar shainaithin an scoil na riachtanais oideachais bhreise. Cé go bhfuiltear ag iarraidh ar na scoileanna an rannóg oideachais a chur i gcrích, is próiseas FSS é an Measúnú ar Riachtanais agus tá freagracht ar an FSS as an tuarascáil fhoriomlán a eisiúint do na tuismitheoirí/caomhnóirí. Tá an Roinn Oideachais tiomanta do mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an próiseas AON ag oibriú i scoileanna agus déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú ar an bpróiseas go foirmiúil ag deireadh na scoilbhliana in 2023; agus é mar chuspóir acu a chinntiú go gcuirfear aon treoir bhreise, mar aon le tacaíocht nó acmhainní i bhfeidhm a luaithe agus is féidir.

Tá oibleagáidí idirnáisiúnta nua ar Éirinn ó dhaingnigh Éire Coinbhinsiún NA um Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCPRD) in 2018 (Kenny et al., 2020). Cuireann an Coinbhinsiún meas chun cinn ar dhínt bhunúsach na ndaoine atá faoi mhíchumas agus clúdaíonn sé réimse cearta lena n-áirítear cearta sibhialta, polaitiúla, sóisialta, agus eacnamaíochta i réimsí ar nós oideachais (ibid.).

Dála tíortha eile, is é ceann de na himpleachtaí móra d'Acht ESPEN, gur tháinig méadú suntasach ar líon na bpáistí a bhfuil RSO acu atá ag freastal ar scoileanna príomhshrutha le scór bliain anuas (McCoy et al., 2016). Is iad scoláirí a bhfuil RSO acu atá in os cionn de cheathrú de dhaonra na scoile (McCoy, Shevlin, agus Rose, 2019). Is dá bharr seo a tháinig méadú ollmhór ar chaiteachas an rialtais de bharr an mhéadaithe a tháinig ar líon na ranganna speisialta, ar líon na múinteoirí acmhainne agus ar líon na gCúntóirí Riachtanais Speisialta (SNAnna) a theastaíonn (Banks agus McCoy, 2017). Tháinig athrú ar an gcineál ranga speisialta ón tsamhail MFG atá traidisiúnta agus éadrom go dtí ranganna/aonaid níos speisialaithe, mar shampla, don scoláirí a bhfuil Uathachas orthu (Banks agus McCoy, 2017). Measann NCSE (2018) go bhfuil Riachtanais Speisialta ag 18-25% de na páistí in Éirinn agus go bhfuil MFG ar 1-3% díobh sin. Tá MFG éadrom ar 85% de na daoine a bhfuil MFG orthu, tá MFG meánach ar 10% acu, tá MFG géar ar 3-4% acu, agus tá MFG trom ar 1-2% acu.

Is léir go bhfuil Éire ag déanamh iarracht soláthar a athrú don scoláire a bhfuil RSO aige go dtí soláthar ionchuimsitheach agus príomhshrutha ó na 1990idí ar aghaidh. Tá cur chuige 'ilchonaire'

aici maidir le soláthar an oideachais don scoláire ag a bhfuil RSO (Shevlin, 2016; Banks agus McCoy, 2017, 2018; Kenny et al., 2020). Is féidir leis an scoláire freastal ar ranganna príomhshrutha anois i scoileanna príomhshrutha, áit a bhfaigheann sé múinteoireacht bhreise go hiondúil (McCoy, Quail, agus Smyth, 2014a). Is féidir leo freastal ar scoileanna speisialta nó ar ranganna speisialta i scoil phríomhshrutha freisin, a dhíríonn ar mhíchumais ar leith (nó ar réimse díobh) (Banks agus McCoy, 2017, 2018).

Cuireadh córas maoiniúcháin nua i bhfeidhm in Éirinn in 2017 chun tacú le cur chuige níos cothroime maidir le soláthar oideachais do scoláirí RSO (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017). D'fhág sé sin go bhfuarthas réidh leis an dualgas ar an scoláire a bheith diagnóisithe chun rochtain a fháil ar thacaíochtaí (Kenny et al., 2020). Dáiltear acmhainní ar scoileanna go huathoibríoch anois bunaithe ar phróifíl na scoile agus tá níos mó féinriartha ag na scoileanna anois maidir leis an gcaoi a ndáiltear na hacmhainní céanna (NCSE, 2017). Is é seo an tSamhail Leithdháilte don Mhúinteoir Oideachais Speisialta (SET), a ceapadh chun dáileadh singil, comhaontaithe na n-acmhainní múinteoireachta ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna príomhshrutha a chur ar fáil. Is é 2.2 billiún an caiteachas RSO reatha, atá thart ar 25% de bhuiséad na Roinne Oideachais.

D'fhógair an NCSE in 2019, go seolfar an tSamhail Chuimsithe Scoile (SIM) ar bhonn píolótach chun tacú leis an oideachas uileghabhálach i suíomhanna bunscoile agus iar-bhunscoile príomhshrutha. Tá sé mar aidhm ag na tsamhail píolótach acmhainn na scoileanna a fheabhsú ionas go mbeidh siad in ann glacadh níos fearr le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus chun tacaíochtaí eile a chur ar fáil dóibh (Kenny et al., 2020). Sa 'Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn – Comhairle Bheartais faoi Scoileanna agus Ranganna Speisialta' (NCSE 2019), leagann an NCSE a bhfís amach le haghaidh 'Ionchuimsiú Iomlán' scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu laistigh de ranganna scoile príomhshrutha (Kenny et al., 2019).

Achoimre ar an gCuid seo

Forbraíodh an cur chuige maidir le hionchuimsiú san oideachas do na páistí a bhfuil RSO acu go suntasach in Éirinn le blianta beaga anuas, lena n-áirítear do na páistí a bhfuil MFG orthu. Tá Éire ag baint úsáid as cur chuige bunaithe ar chearta maidir le hoideachas do scoláirí a bhfuil RSO acu. D'imir forbairtí reachtaíochta tionchar ar bheartas agus ar chleachtas oideachais do scoláirí a bhfuil na riachtanais sin acu. Cuimsítear an tAcht Oideachais 1998 agus Acht EPSN 2004 leis na forbairtí beartais is suntasaí in oideachas speisialta.

Tá Éire ag baint úsáid as córas 'ilchonaire' le blianta anuas. Cuireann an córas seo roghanna ar fáil don scoláire a bhfuil RSO aige chomh maith le solúbthacht chun rochtain a fháil ar an gcuraclam agus ar thacaíochtaí ag brath ar a gcuid riachtanas sainaitheanta, agus chun rochtain a fháil ar dhiseanna le bheith rannpháirteach i suíomhanna oideachais príomhshrutha lena bpiaraí nuair is féidir.

3. Soláthar an Churaclaim do scoláirí ar a bhfuil mhíchumais foghlama ghinearálta

Ó cuireadh an Teastas Sóisearach i bhfeidhm in 1989 tháinig athruithe móra ar an-tsochaí agus ar chúrsaí laistigh den oideachas chun tacú le páistí a bhfuil MFG orthu. Déantar scrúdú sa chuid seo ar an gcuraclam a sholáthar do scoláirí ar a bhfuil MFG ag leibhéal iar-bhunscoile. Leagtar amach ann an chaoi ar tháinig forbairt na CFL2anna chun cinn chomh maith leis an gcaoi ar tháinig forbairt na CFL1anna chun cinn ina ndiaidh.

Forbairtí curaclaim

D'fhoilsigh CNCM páipéar [Riachtanais Speisialta Oideachais: Deacrachtaí Oideachais](#) in 1999. Bhí sé mar chuspóir go spreagfadh an páipéar plé agus díospóireacht a dhéanadh eolas d'obair CNCM, agus a chuideodh leis an obair chéanna i bhforbairt na dtreoirínte curaclaim, rud a chuirfeadh rochtain ar fáil ar oideachas cuí do gach scoláire a bhfuil MFG air, i ngach cineál suíomh oideachais (CNCM, 2015). Aithníodh i bpáipéar CNCM (1999) go bhfuil an ceart ag scoláirí a bhfuil RSO acu rochtain a fháil ar thaithí oideachais iomlán ach tugtar chun solais sa pháipéar céanna go bhféadfadh na conairí agus an t-am a theastaíonn chun é seo a bhaint amach a bheith difriúil le hais a bpiaraí in oideachas príomhshrutha nach bhfuil MFG orthu.

Chun cur leis an bplé agus leis an díospóireacht spreagtha ag foilseachán an pháipéir, Riachtanais Oideachais Speisialta: Deacrachtaí Curaclaim (CNCM, 1999), d'fhorbair CNCM sraith dréacht-[Treoirínte do Mhúinteoirí le Scoláirí Faoi Mhíchumas Ginearálta Foghlama](#). Forbraíodh na treoirínte le húsáid sna suíomhanna oideachais ar fad agus bhí siad le bheith ar fáil do na múinteoirí agus do na gairmithe ar fad a oibríonn le scoláirí a bhfuil MFG orthu.

Tugadh chun solais sa phróiseas comhairliúcháin do na Treoirínte (CNCM, 2007) go raibh bearna sa tsraith shóisearach do scoláirí a bhfuil MFG éadrom go meánach orthu (CNCM, 2015). Cé go raibh rochtain ag scoláirí sa ghrúpa seo ar thacaíocht bhreise ó mhúinteoirí, ar chláir sholúbtha amhail Clár Scoile na Sraithe Sóisearaí (JCSP), agus ar idirdhealú, bhí na scoláirí céanna ag fáil rochtain ar an gcuraclam ar leibhéal nach raibh siad in ann teistiúchán a aithnítear go náisiúnta a bhaint amach aige (ibid.). Tugadh chun solais sa phróiseas comhairliúcháin freisin, nach raibh curaclam príomhshrutha na sraithe sóisearaí feiliúnach do scoláirí óna dteastaíonn tacaíocht níos speisialaithe agus níos dírithe dá bhforbairt phearsanta agus shóisialta, scoláirí a bhfuil an ghairmfhorbairt an-tábhachtach dóibh ag an gcéim seo dá gcuid oideachais.

D'fhág sé seo gur forbraíodh na CFL2anna, mar chonair mhalartach do scoláirí ar a bhfuil MFG íseal-mheánach chuig ard-mheánach laistigh den Chreat nua don tSraith Shóisearach (2015). Chuir tabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach níos mó béime ar an ngá le curaclaim a fhorbairt atá treoraithe ag prionsabal na hionchuimsitheachta:

Ceapfar na sonraíochtaí ábhair agus na gearrchúrsaí arna bhforbairt ag CNCM, ceapfar iad ionas go mbeidh siad a uilechoitinne agus is indéanta, cuirfidh siad deiseanna fiúntacha agus luachmhara ar fáil don scoláire ó gach cúlra cultúrtha agus sóisialta agus ó réimse leathan cúinsí indibhidiúla. Cuimsítear leis seo, cinnte a dhéanamh go bhfuil na deiseanna foghlama chomh hinrochtana agus is féidir don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige agus go gcuirtear na ráitis faoi

na scileanna le forbairt in iúl ar bhealach a léiríonn gur mar sin atá (CNCM, 2015, lch. 26).

Cláir Foghlama Leibhéal 2

Cuireadh [Cláir Foghlama Leibhéal 2: Treoirínte do Mhúinteoirí](#) i bhfeidhm in 2015 mar chuid den Chreat don tSraith Shóisearach agus cuireadh i bhfeidhm iad in áit na *dTreoirínte do Mhúinteoirí maidir le Scoláirí Faoi Mhíchumas Ghinearálta Foghlama* don chohórt scoláirí áirithe seo. Ceapadh na CFL2anna chun freastal ar riachtanais foghlama an scoláire atá sa réimse inniúlachta íseal-mheánach chuig ard-mheánach de bharr gur aithníodh go bhféadfadh nach mbeadh a leithéid de scoláirí in ann rochtain a fháil ar chuid de na hábhair nó ar aon cheann de na hábhair atá ailínithe le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ)- D'fhéadfadh a leithéid de scoláire a bheith ag freastal ar scoil phríomhshrutha nó ar scoil speisialta. Forbraíodh na CFL2anna i gcomhairle le tuismitheoirí, le cúramóirí agus le gairmithe atá ag obair sa réimse oideachais agus i réimse an oideachais speisialta.

Is beag scoláire atá sa ghrúpa seo (duine nó beirt i scoil phríomhshrutha). Tá Pleananna Oideachais Aonair ag gach duine de na scoláirí atá ag cur na CFL2anna i gcrích. Deartar na CFL2anna bunaithe ar chúig Aonad Foghlama Tosaíochta (PLUnna) seachas ar na hábhair thraidisiúnta acadúla. Tá roinnt gnéithe i ngach aonad agus tá torthaí foghlama éagsúla do gach scoláire ag baint le gach gné chun taithí a fháil ar rudaí agus chun éachtaí a bhaint amach (CNCM, 2015). Is ionann na cúig PLU agus:

- Cumarsáid agus Litearthacht
- Uimhearthacht
- Cúram Pearsanta
- Ullmhúchán don Obair
- Maireachtáil sa Phobal

Is féidir na PLUnna a mhúineadh leo féin nó is féidir iad a chomhtháthú i múineadh na n-ábhar príomhshrutha. Múintear dhá ghearrchúrsa mar chuid den chlár seo freisin. D'fhéadfadh gur gearrchúrsaí arna bhforbairt ag CNCM nó gearrchúrsaí arna bhforbairt ag an scoil. Déantar measúnú ar na CFL2anna ar bhonn reatha sa scoil agus deartar iad de réir cáilíochtaí Leibhéal 2 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Cláir Foghlama Leibhéal 1

Foilsíodh [Cláir Foghlama Leibhéal 1: Treoirínte do Mhúinteoirí](#) chun a chinntiú go bhfuil rochtain chothromasach ar an gcuraclam ag an gcohort scoláirí a bhfuil MFG orthu sa réimse íseal-mheánach go géar agus trom (CNCM, 2018). Forbraíodh na CFL1anna i gcomhairle le tuismitheoirí, le cúramóirí agus le gairmithe atá ag obair sa réimse oideachais agus i réimse an oideachais speisialta.

Is mó an seans go mbeidh scoláirí atá ag tógáil CFL1anna ag luathchéim d'fhorbairt chognaíoch, b'fhéidir go mbeadh MFG aitheanta aa roinnt scoláirí freisin atá sa raon ó íseal measartha go géar agus trom ó shíceolaí oideachais nó cliniciúil. Tá formhór na scoláirí a bhfuil déine seo an

mhíchumais foghlama acu i scoileanna speisialta, nó i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna príomhshrutha (CNCM, 2018). Is minic a bhíonn roinnt riachtanais chasta ag na scoláirí seo, riachtanais atá cognaíoch agus feidhmiúil (ibid). D'fhéadfadh go mbeadh sé deacair dóibh tuiscint a bhaint as an saol ina dtimpeall agus as an áit a bhfuil siad ann agus d'fhéadfadh go mbeadh cumarsáid mhothúchánach agus oscailte mar dhúshlán acu, ach, tá láidreachtaí agus spéiseanna ag an ngrúpa foghlaimeoirí seo dá gcuid féin, ar féidir iad a úsáid chun rochtain a fháil ar oideachas, chun tairbhe a bhaint as, agus chun páirt a ghlacadh ann.

Tá Plean Oideachais don Duine Aonair dá chuid féin ag gach scoláire, agus is iondúil go ndírítear a gcuid foghlama ar leibhéal forbartha luath. Tá sé PLU i gceist sna CFL1anna, ina n-aithnítear agus ina bhforbraítear na príomhréimsí foghlama go sonrach; is iad na príomhréimsí céanna a theastaíonn chun scoláirí a ullmhú don saol atá amach rompu. Bristear gach PLU ina ngnéithe éagsúla; bíonn torthaí foghlama ag baint le gach gné, agus is gá do na scoláirí taithí a bheith acu ar na torthaí agus iad a bhaint amach. Is ionann na sé PLU agus:

- Cumarsáid, Teanga agus Litearthacht
- Cúram Pearsanta agus Folláine
- A bheith rannpháirteach i bpobal
- Uimhearthacht
- Na hEalaíona
- Corpoideachas

D'fhéadfadh go leanfadh roinnt scoláirí, a thugann faoi na CFL1anna nó faoi na CFL2anna, ar aghaidh ag díriú ar roinnt gnéithe de na PLUanna agus ar na gearrchúrsaí sa tsraith shinsearach, chun a gcuid foghlama a dhaingniú nó a chur chun cinn. Leagtar tuilleadh sonraí amach faoin dul chun cinn go dtí an tsraith shinsearach níos faide ar aghaidh sa chuid seo. Cuimsítear le roghanna iar-scoile, seirbhísí lae do dhaoine fásta, arna maoiniú ag an FSS chun gníomhaíochtaí cúraim lae a chur ar fáil, chomh maith le fostaíocht a bhfuil tacaíocht léi, agus cláir oibre deonaí do dhaoine a bhfuil riachtanais ardtacaíochta acu.

Achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2

Reáchtáil CNCM athbhreithniú ar na CFL1anna agus ar na CFL2anna sa tsraith shóisearach in 2022. Ceapadh an t-athbhreithniú chun léargais a fháil ar na réimsí seo a leanas:

- Critéir agus próisis a úsáideann na scoileanna chun scoláirí a aithint a bhfreastalódh na CFL1anna agus na CFL2anna níos fearr orthu.
- PLUanna, agus gearrchúrsaí de na CFL1anna agus na CFL2anna
- Pleanáil agus comhoibriú
- Socruithe measúnaithe agus tuairiscithe
- Conairí isteach sa tsraith shinsearach don scoláire atá páirteach sna CFL1anna agus sna CFL2anna faoi láthair.

Bailíodh na sonraí agus an t-eolas i gcuairteanna ar scoileanna, i ngrúpaí fócais, i suirbhéanna ar líne, agus in aighneachtaí scríofa ó pháirtithe leasmhara. Tugadh cuairteanna athbhreithnithe ar scoileanna i naoi suíomh scoile aonair san iomlán le linn mhí Dheireadh Fómhair 2022. Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí a rinneadh de réir na réimsí taiscéalaíochta atá leagtha amach in uachtar. Chabhraigh sé seo an téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu.

Bhí torthaí an athbhreithnithe seo an-chosúil leis na torthaí a fuarthas ar an [athbhreithniú ar an tsraith shinsearach \(2017 – 2020\)](#) (CNCM, 2022) inar tugadh le fios go rabhtas den tuairim go raibh teacht i bhfeidhm na CFL1anna agus na CFL2anna ina chéim dhearfach i dtreo ionchuimsitheacht níos fearr. Chuir múinteoirí, príomhoidí, tuismitheoirí, agus páirtithe leasmhara na múrtha fáilte roimh na cláir, de bharr gur chuir siad ar chumas an scoláire a bhfuil RSO faoi leith aige rochtain chothrom ar churaclam ionchuimsitheach agus cuí atá creidiúnaithe agus aitheanta go poiblí, agus paireacht a chinntiú do gach scoláire dá réir.

Critéir agus próisis a úsáideann na scoileanna chun an scoláire a aithint le haghaidh na CFL1anna agus/nó na CFL2anna

Is iondúil go gcuirfidh síceolaí oideachais nó gairmí eile measúnú ar fáil don scoláire a ghlacann páirt sna CFL1anna agus sna CFL2anna ag brath ar chastacht na riachtanas atá ag an scoláire aonair. Is iondúil gurb iad na tuarascálacha sícooideachais agus na cuir chuige thréana aitheantais a úsáideann an scoil a dhéanann eolas don chinneadh chun scoláire a chlárú in aon cheann de na cláir. Is minic a chuimsítear leis an measúnú ar riachtanais an scoláire aonair machnamh ar chumas cognaíoch an scoláire agus ar mheasúnuithe, ar bhreathnuithe an mhúinteora agus an tuismitheora chomh maith le monatóireacht ar idirghabháil dhírithé a chuireann an scoil ar fáil, agus tacaíocht ó ghairmí freisin, más féidir.

Tugadh le fios san aiseolas ón athbhreithniú, nach bhfuil aon mhórdheacracht ann den chuid is mó maidir leis na critéir agus na próisis a chur i bhfeidhm i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta, ó tharla go mbíonn tuairiscí síceolaíochta ag scoláirí a fhreastalaíonn orthu go hiondúil, agus tá an t-eolas oideachais cuí agus moltaí sna tuairiscí seo. Leanfaidh go leor de na scoláirí sna scoileanna speisialta na CFL1anna ach leanfaidh roinnt eile na CFL2anna mar is cuí.

Ach, tugtar leis fios san athbhreithniú go bhfuil gá le tuilleadh tacaíochtaí do scoileanna príomhshrutha chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir acu ar na critéir agus ar na próisis a úsáidtear chun scoláirí a aithint. Is iondúil go mbeidh scoláirí i scoileanna príomhshrutha ag leanúint na CFL2anna i ranganna cumais mheasctha nó i ranganna speisialta. Léirítear san aiseolas go bhfuil gá le tuiscint níos fearr ar úsáid an mheasúnaithe agus na scagthástála chun riachtanais a aithint agus chun feabhas a chur ar thorthaí múinteoireachta agus foghlama. Léiríodh san aiseolas freisin go raibh gá le tuiscint níos fearr ar idirghabhálacha dírithe atá bunaithe ar fhianaise. Trí chéile, bhí fianaise ann, a léirigh gur úsáideadh measúnuithe síceolaíochta, chomh maith leis an múinteoir ag faire agus ionchur ó na tuismitheoirí lena fháil amach an iad na CFL2anna is fearr a d'fhreastalódh ar riachtanais foghlama na scoláirí nó, i roinnt cásanna, meascán de ghnéithe curaclaim ó CFL2anna agus Leibhéal 3. Tarraingíodh aird san athbhreithniú ar an ngá le tuilleadh tacaíochta chun Samhail Leithdháilte SET chomh maith le Contanam na Tacaíochta a chur i bhfeidhm i roinnt scoileanna príomhshrutha.

Aonaid Tosaíochta Foghlama agus gearrchúrsaí na gclár foghlama

Tugtar le fios sna léargais a fhaightear san athbhreithniú go ndírítear sna PLUnna do na CFL1anna agus do na CFL2anna ar na scileanna a shaináithnítear mar scileanna atá ábhartha agus tábhachtach do scoláirí chun iad féin a fhorbairt ag an aois agus ag an gcéim seo. Ag T1, fáiltíodh roimh an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil leis na torthaí foghlama leathana i measc na nAonad Foghlama Tosaíochta (Cumarsáid, Teanga agus Litearthacht; Cúram Pearsanta agus Folláine; A Bheith Rannpháirteach sa Phobal; Uimhearthacht; Na hEalaíona; agus Corpoideachas). Ós rud é go bhfuil na torthaí foghlama chomh leathan sin, bhí múinteoirí in ann díriú isteach ar dhul chun cinn a scoláirí aonair, a mbíonn riachtanais chasta acu go minic. Bhí go leor le rá ag múinteoirí maidir leis an tsolúbthacht chun an curaclam a athrú bunaithe ar riachtanais aonair na scoláirí. Ina ainneoin sin, luadh go raibh níos mó ama de dhíth do phleanáil, do chomhoibriú agus do phearsantú na foghlama mar gheall ar an ardleibhéal féinriartha a chuireann na torthaí foghlama ar fáil.

Fáiltíodh go mór roimh PLUnna L2, Cumarsáid agus Litearthacht, Uimhearthacht, Cúram Pearsanta agus Folláine agus A Bheith Rannpháirteach sa Phobal, agus dúradh go raibh siad ábhartha agus fóna do scoláirí tar éis na CFL2anna. Sin ráite, maidir leis na CFL2anna, luaitear san athbhreithniú go bhfuil gá ann athmheasúnú a dhéanamh ar dhá Aonad Foghlama Tosaíochta, *Ag Ullmhú don Obair* agus *Ag Cónaí sa Phobal* (ach ní an oiread céanna). Léirigh freagróirí go raibh inní orthu maidir le *Ag Ullmhú don Obair*, agus léirigh cuid mhór acu go raibh *Ag Ullmhú don Obair* níos oiriúnaí do scoláirí sa tsraith shinsearach. Cé gur thaitin an PLU *A Bheith Rannpháirteach sa Phobal* le rannpháirtithe, cheap roinnt daoine go raibh tábhacht níos lú ag baint le codanna éagsúla den PLU sin, *Saoráidí Áitiúla a Úsáid*, mar shampla, bunaithe ar aois agus an leibhéal ag a raibh na scoláirí. Cheap rannpháirtithe eile go bhféadfaí codanna de *A Bheith Rannpháirteach sa Phobal* a uasdátú, agus leanúint leis an bhfoghlaím sa tsraith shinsearach.

Ba léir freisin go raibh míthuiscint ann go raibh PLU *Uimhearthacht* le haghaidh L2 le dul in áit ábhar na Matamaitice ag Leibhéal 3, go háirithe do na scoláirí sin a mbíonn deacrachtaí acu leis an ábhar. Léirigh na torthaí go bhfuil gá le treoir bhreise sa réimse seo.

Fáiltíodh roimh an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil le gearrchúrsaí CFL1 agus gearrchúrsaí CFL2. Thug an t-aiseolas le fios go bhfuil na gearrchúrsaí ag L1 agus L2 curtha i bhfeidhm ag scoileanna go rathúil. Tugadh roinnt samplaí de chásanna inar éirigh le scoileanna na gearrchúrsaí a mhionathrú. Mar shampla, mionathraíodh an gearrchúrsa CFL2 *ILC Eolaíocht Fhóiréinseach* le go mbeidh scoláire atá ag tabhairt faoi na CFL2anna in ann freastal ar an rang eolaíochta príomhshrutha. Ina theannta sin, tugadh go leor samplaí inar mionathraíodh an gearrchúrsa L2 Cúram a Thabhairt d'Ainmhithe le go mbeadh scoláirí a bhí ag tabhairt faoi na CFL2anna in ann an méid sin a cheangal isteach lena gceantair áitiúla, an baile nó a spéiseanna pearsanta. Mar aon leis sin, léirigh an t-aiseolas go gcuirfeadh scoileanna fáilte roimh ghearrchúrsaí breise ag CFL1anna agus CFL2anna, i gcás gur aithníodh sainriachtanas nó spéis. Bhí cócaireacht, baincáireacht agus sláinte agus aclaíocht i measc na n-ábhar a moladh. Dar le roinnt aiseolais, bheadh fáilte roimh ghearrchúrsaí folláine, go háirithe ag L2, toisc go dtiocfaidís le Leibhéal 3 Sóisialta. Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) agus Corpoideachas (CO). Chuirfidís fáilte freisin roimh níos mó acmhainní chun a ngearrchúrsaí féin a fhorbairt, a dhearadh agus a phleanáil.

Pleanáil agus Comhoibriú

Dúshlán ar tarraingíodh aird air san athbhreithniú ab ea an t-am atá de dhíth chun an fhoghlaim a phleanáil agus comhoibriú le comhghleacaithe ar na CFL1anna. Oibríonn formhór scoileanna speisialta faoi stádas bunscoile agus mar sin bíonn lán-uaireanta teagmhála acu. Ciallaíonn sé seo go dtarlaíonn deiseanna do mhúinteoirí chun pleanáil chomhoibríoch a dhéanamh roimh/tar éis na scoile nó le linn uaireanta Pháirc an Chrócaigh, den chuid is mó. Ina theannta sin, thug an t-aiseolas le fios, de bharr a stádas mar bhunscoileanna, nach raibh rochtain ag cuid mhór scoileanna speisialta ar mhúinteoirí ábhair agus saoráidí iomchuí le haghaidh teagasc agus foghlaim iar-bhunscoile in ábhair phraiticiúla, amhail Eacnamaíocht Bhaile. Dá bharr sin, bhí sé deacair ar roinnt scoileanna aghaidh a thabhairt ar thorthaí foghlama áirithe, mar shampla, na cinn sin a bhaineann le bia a réiteach.

Bhí dúshlán ag baint leis an bpleanáil do na CFL2anna freisin, agus dúirt múinteoirí go raibh sé deacair orthu am a aimsiú dul i mbun pleanála agus comhoibríthe lena gcomhghleacaithe, go háirithe i gcásanna ina raibh scoláirí ag tabhairt faoi PLUnna L2 i ranganna príomhshrutha agus i ranganna cumais mheasctha.

I measc na ndúshlán eile a bhain leis an bhfoghlaim a phleanáil bhí easpa acmhainní agus ábhar aois-oiriúnach a bhféadfaí teacht orthu go héasca i dtéacsleabhair nó i dtaisclann lárnach.

Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas, ba mhaith le múinteoirí níos mó Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a dhéanamh chun tacú leo CFL1anna agus CFL2anna a chur i bhfeidhm i suíomhanna éagsúla. Chabhródh sé sin leo aghaidh a thabhairt ar na dúshlán maidir leis an gclár a phleanáil ina scoileanna agus maidir le comhoibriú lena gcomhghleacaithe.

Socrúithe measúnaithe agus tuairiscithe

Tá measúnú na foghlama sna CFL1anna agus CFL2anna bunaithe sa seomra ranga. Cuireann scoláirí fianaise dá gcuid foghlama le chéile i bpunann, tugann siad an phunann seo don mhúinteoir, agus meastar agus déantar tuairisciú ar obair an scoláire. Déantar taifead i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) maidir le gnóthachtáil an scoláire in PLUnna, mar a thuairiscíonn an scoil. Bhí freagróirí ar aon intinn go raibh an measúnú leanúnach ar an modh measúnaithe is oiriúnaí do scoláirí a bhí ag tabhairt faoi CFL1anna nó CFL2anna. Ba é an deacracht ba mhó a bhí i gceist le measúnú ná fianaise ar an bhfoghlaim a bhailiú, agus léirigh scoileanna go raibh modhanna éagsúla acu amhlaidh a dhéanamh, amhail taifid chrua agus dhigiteacha, agus leibhéil éagsúla ratha ag baint leo. Bhí comhaontú ginearálta ann i measc scoileanna gur faoin múinteoir a bhí sé monatóireacht, athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn trí dul i ngleic leis na PLUnna agus gearrchúrsaí, agus an próiseas leanúnach measúnaithe.

Maidir le tuairisciú, dúirt na páirtithe leasmhara, múinteoirí, príomhoidí agus tuismitheoirí gur rud suntasach é go raibh scoláirí in ann dul i ngleic le curaclam fiúntach ar bhealach ionchuimsitheach, agus aitheantas creidiúnaithe a fháil as a gcuid oibre agus a gcuid gaiscí. Bhraith gach tuismitheoir a cuireadh faoi agallamh san athbhreithniú go mba cheart dá bpáistí aitheantas a fháil as a gcuid foghlama agus as a gcuid gaiscí i bhfoirm PGSS ag an am céanna agus mar chuid den ócáid chéanna, taobh lena gcomhghleacaithe, is cuma cén leibhéal den churaclam (Leibhéal 1, 2 nó 3) a

bhí i gceist. Foilsítear PGSS roinnt míonna tar éis do scoláirí na sraithe sóisearaí a gcuid torthaí sealadacha a fháil dá gcuid scrúduithe stáit, a ndéantar ceiliúradh orthu i mí Mheán Fómhair.

Aiseolas eile a tháinig chun cinn san athbhreithniú

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas, ba mhaith le múinteoirí níos mó Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a dhéanamh chun tacú leo CFL1anna agus CFL2anna a chur i bhfeidhm i suíomhanna éagsúla. Chabhródh sé sin leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir leis an gclár a phleanáil ina scoileanna agus maidir le comhoibriú lena gcomhghleacaithe.

Stádas scoileanna

Mar a luadh, tá stádas bunscoile ag scoileanna speisialta agus tugadh le fios san aiseolas go bhféadfaidh dúshláin a bheith ag baint leis sin nuair atá an múineadh agus foghlaim á bpleanáil agus nuair atá an curaclam iar-bhunscoile á chur i bhfeidhm. Níl múinteoirí ábhair ag go leor scoileanna speisialta agus mar sin tá sé níos deacra orthu roinnt de na torthaí foghlama a bhaint amach sa seomra ranga. Tugadh le fios go raibh ceisteanna ann maidir le neamhréireanna teanga sa churaclam bunscoile agus iar-bhunscoile chomh maith.

Acmhainní agus tacaíochtaí

Léiríodh imní maidir le heaspa acmhainní i ndáil le spás agus maoiniú. Dúirt go leor scoileanna speisialta go raibh gá le saoráidí iomchuí le haghaidh múineadh agus foghlaim iar-bhunscoile sna hábhair phraiticiúla. Léirigh cuid mhór den aiseolas go bhfuil gá ann níos mó múinteoirí riachtanais speisialta oideachais agus cúntóirí riachtanais speisialta a earcú.

Conairí isteach sa tsraith shinsearach do scoláirí atá ag leanúint Cláir Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 faoi láthair

Is cuid thábhachtach den tsraith shinsearach é tacú le scoláirí agus iad ag pleanáil don aistriú isteach sa saol tar éis na scoile agus le haghaidh réimse leathan nithe amach anseo. Tá brí éagsúil ag an neamhspleáchas do chách; tá tábhacht ar leith ag baint leis do scoláirí a bhfuil MFG orthu, áfach. Tá sé tábhachtach scoláirí a chumasú leis na scileanna saoil chun a bheith freagrach as a gcintní féin, taisteal go neamhspleách ar iompar poiblí, airgead a bhainistiú, agus a bheith ina gcónaí agus ina rannpháirtithe ina bpobail, agus mar sin de. Le linn an athbhreithnithe, lorgáidh tuairimí maidir leis an aistriú ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach don ghrúpa scoláirí seo. San aiseolas a fuarthas, léiríodh go bhfuil géarghá ann foráil a dhéanamh i gcuraclam na sraithe sinsearaí do scoláirí atá ag tabhairt faoi na CFL1anna agus CFL2anna faoi láthair. Tá an easpa conairí ar leith sa tsraith shinsearach do na scoláirí seo soiléir ón aiseolas a fuarthas, a léiríonn na roghanna a thugtar do scoláirí mar a théann siad ar aghaidh go dtí an tsraith shinsearach. Áirítear ar an liosta seo na roghanna, ach níl siad teoranta dóibh: Modúil Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF), an Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB), cláir arna bhforbairt ag scoileanna agus cúrsaí ASDAN.

Bhí tuismitheoirí ar aon intinn go raibh géarghá le curaclam sraithe sinsearaí d'oideachas agus d'fholláine a gcuid páistí. Cheap siad go mba cheart go mbeidh modúil i gcuraclam don tsraith shinsearach a thacaíonn lena bpáistí i ndomhan oibre an lae inniu, modúil a thabharfaidh scileanna

dóibh a mbealach a dhéanamh trína saolta pearsanta. Do scoláirí atá ag tabhairt faoi na CFL2anna, is minic gur leag freagróirí béim ar an tábhacht a bhaineann le scileanna sóisialta agus cumarsáide a fhorbairt sa tsraith shinsearach, mar aon le dul chun cinn a dhéanamh ar a gcuid foghlama ón tsraith shóisearach. Is minic gur luadh an tábhacht a bhaineann le tacú leis an aistriú chuig an saol tar éis na scoile do scoláirí atá ag tabhairt faoi na CFL2anna. Léiríodh i léargais ón athbhreithniú an tábhacht a bhaineann le scileanna a thabhairt do scoláirí don fhostaíocht, don obair dheonach agus le bheith ina gcónaí sa phobal.

Léiríodh i dtorthaí an athbhreithnithe go mbeidh, i gcás scoláirí a chríochnaíonn na CFL1anna, gá ann an fhoghlaim sin a chur chun cinn mar is iomchuí le haon fhoghlaim bhreise sa tsraith shinsearach agus na scoláirí a ullmhú don saol tar éis na scoile. Go háirithe i gcás scoláirí atá ag tabhairt faoi na CFL1anna, léirigh an t-aiseolas go bhfuil neamhréir ann idir an scoil agus seirbhísí do dhaoine fásta do scoláirí atá ag aistriú amach ón scoil.

Bhí roinnt moltaí ag freagróirí maidir leis na rudaí ar cheart do chonairí na sraithe sinsearaí díriú isteach orthu:

- Cláir foghlama sraithe sinsearaí a dhíríonn ar scileanna saoil, agus atá bunaithe ar mhodúil.
- Deis chun taithí oibre a dhéanamh le gné fostaíochta a mbaineann tacaíocht shínte léi tar éis don scoláire an scoil a fhágáil.
- Ba cheart roinnt béim acadúil a choinneáil ach i gcomhthéacs na leibhéal gnóthachtálacha acadúla reatha.
- Cláir foghlama sraithe sinsearaí atá solúbtha go leor le scoláirí aonair a mhealladh ag a leibhéal riachtanais agus lena réimsí spéise.
- Cláir foghlama sraithe sinsearaí a bhfuil straitéis aistrithe shoiléir ag baint leo, a dhíríonn ar sheirbhísí do dhaoine fásta agus na scoláirí ar scoil go fóill.

Tá léargas níos mionsonraithe ar na sonraí agus eolas a fuarthas san athbhreithniú ar na CFL1anna agus CFL2anna ar fáil ag ncca.ie.

Achoimre ar an gCuid seo

Chuir an Creat don tSraith Shóisearach (2015) na CFL2anna agus CFL1anna ar fáil mar roghanna sa tsraith shóisearach. Gheobhaidh an scoláire a thugann faoi na cláir seo eispéireas ar an gcuraclam trí rannpháirtíocht le PLUnna, gearrchúrsaí agus eispéiris churaclaim agus foghlama eile. Do roinnt scoláirí a thugann faoi CFL2anna nó CFL1anna, d'fhéadfadh sé go mbeidh an tréimhse atá de dhíth orthu chun an clár a chríochnú níos faide ná tréimhse na sraithe sóisearaí. D'fhéadfaidís rogha a dhéanamh díriú ar roinnt PLUnna agus gearrchúrsaí sa tsraith shóisearach agus na cinn eile a chur i gcrích mar chuid de chlár na sraithe sinsearaí, nó d'fhéadfaidís leanúint orthu ag obair orthu sa tsraith shinsearach.

Rinne CNCM athbhreithniú ar na CFL1anna agus CFL2anna in 2022. D'fháiltigh rannpháirtithe san athbhreithniú roimh na Treoirínte do Mhúinteoirí Leibhéal 1 agus na Treoirínte do Mhúinteoirí Leibhéal 2. Léirigh aiseolas ón athbhreithniú go bhfuil gá le tuilleadh tacaíochtaí, go

háirithe do scoileanna príomhshrutha, chun a chinntiú go mbeidh soiléireacht ann maidir leis na critéir agus an próiseas lena n-aithnítear scoláirí a bhfeilfeadh CFL2anna agus CFL1anna níos fearr dá riachtanais. Dúirt múinteoirí freisin gur mhór acu tuilleadh ama do phleanáil agus do chomhoibriú. San aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara, léiríodh an tábhacht agus luach a chuirtear ar an deis an tsraith shóisearach a chríochnú do na cohóirt scoláirí seo, agus teastas a fháil i bhfoirm PGSS taobh lena bpiaraí. Chuir go leor múinteoirí in iúl go raibh níos mó tacaíochta de dhíth orthu, i dtéarmaí FGL agus treoir bhreise, agus na CFL1anna agus CFL2anna á múineadh. Tugadh le fios freisin go rabhthas ag iarraidh tuilleadh acmhainní agus ábhair inrochtana.

Ina theannta sin, léirigh an t-athbhreithniú go bhfuil géarghá ann le clár coibhéiseach sa tsraith shinsearach mar aon le naisc níos láidre agus aistrithe feabhsaithe idir an scoil agus seirbhísí do dhaoine fásta.

4. Treochtaí idirnáisiúnta maidir le conairí do scoláirí faoi mhíchumais foghlama ghinearálta.

Rinneadh imscrúdú ar sholáthar oideachais speisialta i gceithre dhlínse chun tuiscint a fháil ar na conairí do scoláirí faoi MFG laistigh de réimse leathan RSO sa tsraith shinsearach i ndlínsí eile. Rinneadh imscrúdú ar na dlínsí roghnaithe bunaithe ar phríomhphrionsabail, conairí agus cláir churaclaim, socruithe creidiúnaithe agus aistrithe. Bhí an staidéar deisce seo dírithe ar an soláthar do dhaoine óga, 15/16+ bliana d'aois, faoi MFG éadrom nó meánach nó géar agus trom.

Ba iad an Nua-Shéalainn, Queensland (an Astráil), New Brunswick (Ceanada) agus an Bhreatain Bheag na dlínsí a ndearnadh imscrúdú orthu. Labhraítear an Béarla sna tíortha a roghnaíodh agus tá gach ceann díobh tar éis an t-oideachas ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm méid áirithe. Roghnaíodh na dlínsí seo chun an réimse cur chuige a úsáidtear i dtíortha eile a léiriú, agus chun na cosúlachtaí agus difríochtaí eatarthu a shainiú.

An Nua-Shéalainn

Faoi [Straitéis Mhíchumais na Nua-Shéalainne](#), tá dualgas ar scoileanna oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach foghlaimoír (Rialtas na Nua-Shéalainne, 2016). Ní mór do scoileanna a bheith ionchuimsitheach, mar a leagtar amach sa [Education and Training Act 2020 \(Roinn Oideachais na Nua-Shéalainne, 2022d\)](#), ina ndeirtear go bhfuil sé de cheart ag gach duine óg freastal ar scoileanna poiblí agus oideachas a fháil iontu. Molann an Roinn Oideachais go leanann scoileanna na prionsabail a leagtar amach sa [Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim](#) (DUF) (Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, gan dáta).

Cuirtear tacaíochtaí foghlama ar fáil i scoileanna príomhshrutha do pháistí agus daoine óga a bhfuil RSO acu. Féadfaidh scoláirí a bhfuil '[Comhaontú Oideachais Speisialta](#)' acu freastal ar shainscoil, de ghnáth iad siúd a bhfuil riachtanais shuntasacha acu (Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, 2022a).

Faoi phrionsabal an oideachais ionchuimsitheach, curaclam na Nua-Shéalainne agus an creat cáilíochtaí a ghabhann leis, tá an solúbthacht ag scoileanna cláir a dhearadh agus a chur ar fáil do gach scoláire, agus conairí foghlama iomchuí a sholáthar dóibh (Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, 2022b). Mar thoradh, tá sé de cheart ag scoláirí níos sine ná 16+ conairí a leanúint as a dtiocfaidh cáilíochta dara leibhéal – is é sin an Teastais Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais (*National Certificate of Educational Achievement*) (NCEA), cáilíocht sholúbtha bunaithe ar chreidiúintí, a chuirtear ar fáil ag trí phríomhleibhéal (is ionann Leibhéal 3 agus an leibhéal is airde ar Chreat Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne, is minic go mbaintear an leibhéal sin amach thart ar 18 mbliana d'aois agus is ionann é agus Leibhéal 5 ar an NQF). Tá sé i gceist ag an gcáilíocht sin aitheantas a thabhairt do réimse leathan leibhéal inniúlachtaí, agus ligean do scoláirí an NCEA a athrú bunaithe ar a riachtanais amach anseo, a mianta, a scileanna agus a n-inniúlachtaí.

Maidir le scoláirí a bhfuil deacrachtaí fadtéarmacha céadfacha, fisiciúla, míochaine nó foghlama orthu, d'fhéadfadh sé go mbeidh siad incháilithe le haghaidh coinníollacha measúnaithe speisialta nuair a chríochnaíonn siad an NCEA (Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne, gan dáta). Tá sé i gceist ag coinníollacha measúnaithe speisialta tacú le scoláirí a gcuid eolais, scileanna agus

tuisctíní a chur in iúl ar bhealach cothrom nuair atá siad á measúnú, gan buntáiste éagothrom a thabhairt dóibh.

Caithfidh scoileanna príomhshrutha curaclam a sholáthar atá bunaithe ar na prionsabail agus ar ocht réimse foghlama ó churaclam na Nua-Shéalainne (Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, 2020). I measc na réimsí foghlama sin tá Béarla, na healaíona, oideachas sláinte agus corpoideachas, teangacha, an mhatamaitic agus staitisticí, eolaíocht, eolaíochtaí sóisialta, agus teicneolaíocht (Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, 2015). Mar aon leis sin, ní mór go gcuirfidh an curaclam ar chumas scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu [príomhinniúlachtaí](#) Churaclam na Nua-Shéalainne a fhoghlaim (smaoineamh; daoine eile a thuiscint; teanga, siombailí agus téacsanna a úsáid; féinbhainistiú; rannpháirtíocht) (Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, 2020). Tá sé mar aidhm ag an méid sin cur lena gcumas fostaíocht a aimsiú nuair a imíonn siad ón scoil agus a bheith rannpháirteach go sóisialta. Is ionann Leibhéal 1 churaclam na Nua-Shéalainne agus an pointe tosaigh do gach scoláire.

Sa chás nach féidir leis an ngnáthchuraclam freastal ar a gcuid riachtanas, is féidir le scoláirí i sainscoileanna conairí eile a leanúint. Mar shampla, féadfaidh siad curaclaim feidhmeach aonair a leanúint, bunaithe ar Phlean Oideachais don Duine Aonair. Ag an leibhéal sinsearach, féadfaidh sainscoileanna clár a sholáthar a dhíríonn ar scileanna riachtanacha saoil a fhorbairt, atá nasctha le scileanna infhostaitheachta (meon dearfach, toilteanas foghlama, cumarsáid, scileanna smaointeoireachta, obair foirne, teacht aniar, féinbhainistiú). Féadfaidh scoláirí an [New Zealand Certificate in Skills for Living for Supported Learners](#) a bhaint amach trí chlár den chineál sin.

Mar aon le Pleananna Oideachais don Scoláire Aonair, faoin am atá siad 14 bliana slánaithe acu moltar do scoláirí faoi MFG plean aistrithe a fhorbairt, lena dtuismitheoirí/gcúramóirí agus lena scoileanna (nó Plean Gairme Aonair) (Oifig na Nua-Shéalainne um Shaincheisteanna Míchumais, 2022). Déanann an Plean Gairme Aonair cur síos ar a gcuid pleananna agus mianta don todhcháí, na riachtanais forbartha atá acu, agus an tacaíocht, scileanna, eolas, cúrsaí srl. a gcuirfidh ar a gcumas a gcuid spriocanna a bhaint amach. Chun tacú le forbairt na bpleananna sin, cuireann an Roinn Oideachais [Treoirínte Náisiúnta Aistrithe](#) ar fáil ([Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne \(2019\)](#)). Bítear ag súil leis go bhforbróidh scoláirí agus a scoileanna punann sa dhá bhliain dheireanacha ar scoil (aois 16-18) ina ndéantar taifead ar na scileanna atá forbartha acu, samplaí dá gcuid oibre agus teistiméireachtaí ó dhaoine eile.

I measc na ndeiseanna iarscoile (18+) atá ann do dhaoine faoi MFG, áirítear taithí oibre, aistriú isteach san oideachas trí leibhéal, fostaíocht pháirtaimseartha, fostaíocht a bhfuil tacaíocht léi, nó gníomhaíochtaí fóillíochta. Bítear ag súil leis go n-oibreoidh scoileanna i dtreo na gcuspóirí sin ach deiseanna a chur ar fáil do scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí imeasctha iomchuí sa dhá bhliain dheireanacha ar scoil (Oifig na Nua-Shéalainne um Shaincheisteanna Míchumais, 2022).

Queensland, an Astráil

In Queensland na hAstráile, tá soláthar do scoláirí faoi MFG treoraithe ag an bplean [Every Student with Disability Succeeding Plan](#) (Rialtas Queensland, 2022a) agus [Inclusive Education Policy](#) Queensland (Rialtas Queensland, 2021), a dhíríonn ar rochtain a thabhairt do scoláirí faoi MFG ar oideachas ionchuimsitheach.

Tá sé de cheart ag scoláirí a bhfuil deacrachtaí fisiciúla, síceolaíochta, céadfacha agus néareolaíochta nó riachtanais sláinte acu clárú ag an scoil phoiblí áitiúil, agus ní mór don scoil socrúcháin réasúnta a dhéanamh chun go mbeidh scoláirí faoi MFG in ann oideachas a rochtain agus a bheith rannpháirteach ann (Rialtas Queensland, 2021). Ós rud é go bhfuil samhail um [acmhainneacht choigeartaithe réasúnta](#) á tógáil isteach idir 2023-2025, cuirtear maoiniú ar fáil do scoileanna agus ní do scoláirí aonair, agus déantar riachtanais scoláirí a rangú ag cúig leibhéal: tacaíocht (tugtar tacaíocht do scoláirí trí ghnáthphróisis na scoile, gan acmhainní breise a úsáid), breise, suntasach, fairsing agus an-fhairsing. Féadfaidh scoláirí a bhfuil míchumas trom orthu, lena n-áirítear míchumas intleachtúil, clárú i scoil speisialta más rud é go meastar nach mbainfidh siad a gcumais forbartha amach gan tacaíocht den chineál sin (Rialtas Queensland, 2022b, 2022c).

Tá sé i gceist ag an tsraith shinsearach (Blianta 11-12, aois 16-18) deis a thabhairt do scoláirí na scileanna, an t-eolas agus na hinniúlachtaí atá de dhíth chun an scoil a chríochnú a fhorbairt; a bheith ina saoránaigh rannpháirteacha agus eolacha; leanúint lena gcuid foghlama; agus a bheith rannpháirteach sa phobal (Rialtas Queensland, 2022a). Chun ullmhú don chéim shinsearach, déanann gach scoláire, lena n-áirítear scoláirí ag a bhfuil ROS i scoileanna áitiúla nó i scoileanna stáit speisialta, plean Oideachais agus Oiliúna Sinsearaí a fhorbairt, ina leagtar amach a spriocanna foghlama don chéim shinsearach (Rialtas Queensland, 2022a). De ghnáth, déantar an Plean Oideachais agus Oiliúna Sinsearaí a fhorbairt i mBliain 10 (aois 15/16), ach féadfaidh scoláirí a bhfuil ROS acu tús a chur leis roimhe sin. Déantar an plean a fhorbairt i gcomhar leis an scoil agus tuismitheoirí/cúramóirí an scoláire, agus bíonn sé bunaithe ar inniúlachtaí, spéiseanna agus buanna an scoláire, mar aon lena míanta don saol i ndiaidh Bhliain 12.

I mBlianta 11 agus 12, tá sé de rogha ag scoláirí a bhfuil RSO acu atá ag freastal ar an scoil stáit áitiúil conair a leanúint chun *Queensland Certificate of Education* a bhaint amach (Rialtas Queensland, 2020). Is éard atá sa teastas sin ná an phríomhcháilíocht dara leibhéal, agus is féidir creidiúintí a ghnóthú ina leith in ábhair ghinearálta/acadúla, in ábhair fheidhmeacha nó i gcáilíochtaí gairme agus teicniúla. Mar rogha eile, féadfaidh na scoláirí céanna sin plean foghlama aonair a leanúint, as a dtiocfaidh an *Queensland Certificate of Individual Achievement* (QCIA) (Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland, 2018, 2022b). Is é seo an clár is minice a leanann scoláirí i scoileanna speisialta a bhfuil RSO acu.

Ní mór don chlár QCIA a bheith bunaithe ar cheann amháin nó níos mó as cúig réimse curaclaim, mar a leagtar amach sa [Guideline for Individual Learning](#) de chuid Údarás Curaclaim agus Measúnachta Queensland (GIL) (QCAA), 2022a). Is ionann na cúig réimse sin agus:

- Cumarsáid agus teicneolaíochtaí
- Pobal, saoránacht agus an timpeallacht
- Fóillíocht agus caitheamh aimsire
- Gnéithe pearsanta agus maireachtála
- Gníomhaíochtaí gairme agus aistrithe.

Baineann múinteoirí úsáid as an *Guideline for Individual Learning* chun na réimsí curaclaim iomchuí a aithint do gach scoláire aonair. Do gach réimse curaclaim, roghnaíonn múinteoirí réimsí foghlama a thagann le riachtanais agus spéiseanna an scoláire, agus na torthaí foghlama a ghabhann le gach fócas foghlama. Ansin, bailíonn scoileanna fianaise d'fhoghlaim agus rannpháirtíocht an scoláire le

linn Bhlianta 11 agus 12 agus déanann siad taifead den eolas sin ar QCIA an scoláire. Is ionann QCIA agus deimhniú go bhfuil ar a laghad 12 bhliain oideachais bainte amach ag scoláire agus tugtar cur síos ar a gcuid scileanna agus eolais. Féadfaidh scoláirí a QCIA a chur faoi bhráid fostóirí nó soláthróirí oiliúna.

Maidir le scoláirí atá ag leanúint cláir foghlama aonair chun an QCIA a bhaint amach, bíonn rogha acu freisin staidéar breise a dhéanamh chun creidiúintí a bhaint amach don QCE (QCAA, 2022b). Ní féidir an fhoghlaim chéanna a thaifeadadh ar QCIA na scoláirí, agus ní féidir le scoláirí an QCIA agus an QCE araon a bhaint amach. Mar sin féin, féadfaidh scoláirí aon chreidiúintí QCE a bhaineann siad amach a thaifeadadh ar a Ráiteas Sinsearach (tuairisc den fhoghlaim arna baint amach ag gach scoláire a chríochnaíonn Bliain 12 i scoil in Queensland) agus an méid sin chlárú ar a dtaifead foghlama. Ansin, féadfaidh scoláirí leanúint orthu ag obair i dtreo QCE tar éis na scoile, toisc go mbíonn feidhm ag creidiúintí a bhaintear amach ar feadh suas le naoi mbliana.

I measc na ndeiseanna iarscoile (18+) atá ann do dhaoine óga faoi mhíchumas in Queensland, áirítear roghanna fostaíochta amhail obair dheonach nó fostaíocht oscailte a mbaineann tacaíocht léi, roghanna breisoideachais agus oiliúna, oideachas pobail do dhaoine fásta, nó rannpháirtíocht pobail (Roinn Oideachais Rialtas Queensland, gan dáta).

Cuireann an *National Disability Insurance Scheme* tacaíocht ar fáil do scoláirí incháilithe atá ag críochnú ar scoil ar feadh suas le dhá bhliain trí [School Leaver Employment Supports](#) (Roinn Oideachais Rialtas na hAstráile, 2020). I measc na dtacaíochtaí aonair a chuirtear ar fáil, áirítear scileanna airgeadais, scileanna bainistithe ama, gníomhaíochtaí fionnachtaithe, taithí oibre, scileanna infhostaitheachta, scileanna taistil, agus scileanna forbartha pearsanta. Leis an gclár um an [National Disability Coordination Officer](#), cuirtear comhairle ar fáil do dhaoine óga maidir lena gcuid roghanna tar éis na scoile, agus tacaítear leis an aistriú ach daoine óga a chur i dteagmháil le daoine is féidir cabhrú le breisoideachas, oiliúint agus fostaíocht na ndaoine óga.

New Brunswick, Ceanada

In New Brunswick, Ceanada, de réir [Pholasáí 322](#) de chuid an *Department of Education and Early Childhood Development* (DEECD), ní mór do scoileanna a bheith ionchuimsitheach (New Brunswick DEECD, 2021a). Go ginearálta, ní cheadaítear scoláirí a bhfuil RSO acu a chur i gcláir nó ranganna ar leithligh. Féachann an córas oideachais le freastal ar riachtanais na scoláirí ach cothromaíocht churaclaim a thabhairt do gach scoláire 'i dtimpeallacht foghlama coiteann atá ionchuimsitheach', bunaithe ar phrionsabail DUF (New Brunswick DEECD, gan dáta). De ghnáth, ba cheart go mbeidh an timpeallacht foghlama sin inrochtana do gach scoláire agus ba cheart go mbeidh múineadh agus foghlaim a thagann le haois agus leibhéal (bliainghrúpa) na scoláirí ar fáil inti.

Tá an múineadh agus an fhoghlaim bunaithe ar thorthaí foghlama agus déantar an teagasc agus measúnú a dhearadh chun go dtiocfaidh siad le riachtanais, buanna, leas, agus stíleanna foghlama gach scoláire aonair. Leagtar béim ar an gcomhtháthú sóisialta, muintearas, rannpháirtíocht ghníomhach san fhoghlaim agus idirghníomhaíochtaí dearfacha le pobal na scoile.

I gcásanna nach mbíonn scoileanna áitiúla in ann freastal ar thorthaí foghlama scoláirí i dtimpeallacht ionchuimsitheach, ní mór don scoil Plean Foghlama Pearsantaithe (PLP) a fhorbairt i gcomhar le Seirbhísí Tacaíochta Oideachais, tuismitheoirí, cúramóirí agus na scoláirí féin (New

Brunswick DEECD, 2015b). Tá an PLP bunaithe ar bhuanna, sainroghanna foghlama agus riachtanais an scoláire, agus ní mór go mbeidh sé bunaithe ar an gcuraclam príomhshrutha a mhéid is mó a oireann don scoláire aonair (ibid.). Leagtar amach spriocanna pearsantaithe ann, agus aithnítear straitéisí múinte agus modhanna measúnaithe ann freisin. Sna [Treoirínte and caighdeáin](#) ó DEECD, leagtar amach cur chuige leanúnach, caighdeánach i ndáil le PLPanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Nuair is féidir, bítear ag súil leis go mbeidh scoláirí le RSO in ann diplóma meánscoile New Brunswick a bhaint amach trí chonairí na sraithe sinsearaí (New Brunswick DEECD, 2022). Clár ceithre bliana bunaithe ar chreidiúintí atá i gceist leis seo, ina mbaintear amach creidiúintí in ábhair riachtanacha agus roghnacha araon. Baintear amach formhór na gcreidiúintí i nGráid 11 agus 12 (aois 16-18), ach ní mór do scoláirí an *English Language Proficiency Assessment (ELPA)* a bhaint amach i nGrád 9 (aois 14-15). Féadfaidh scoláirí nár bhain amach an ELPA i nGrád 9 thabhairt faoi arís i nGráid 11 agus 12. Féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh ar dhíolúine ó riachtanas diplóma ardscoile ELPA thar ceann scoláire i gcás go bhfuil an scoláire sin ag tabhairt faoi churaclaim modhnaithe nó curaclam aonair sa Bhéarla.

Is féidir socruithe curaclaim agus measúnaithe a dhéanamh do scoláirí faoi MFG chun cuidiú leo an diplóma ardscoile a bhaint amach (New Brunswick DEECD, 2015, 2022b). D'fhéadfadh teicneolaíocht chúnta amhail léitheoirí scáileáin nó athruithe eile a bheadh i gceist leis na socruithe sin, nach mbeadh scoláirí in ann an curaclam a rochtain gan iad.

Mar aon leis sin, féadfaidh scoláirí curaclam/clár mionathraithe nó curaclam/clár aonair a leanúint, chun go mbeidh siad in ann an diplóma a bhaint amach (New Brunswick DEECD, 2015b). Déantar seo a léiriú in PLP an scoláire freisin. Le clár mhionathraithe, déantar athruithe ar dhoimhneacht tuisceana na dtorthaí foghlama ón ngnáthchuraclam. Forbraítear clár aonair chun tacú le forbairt scileanna na scoláirí, agus is féidir spriocanna a bhaineann le scileanna acadúla agus staidéir, scileanna sóisialta, cumarsáid, scileanna iompraíochta agus luaile, scileanna soch-mhothúcháin agus chun déileáil le deacrachtaí, nó scileanna féinchúraim a áireamh leo. I rith thréimhse na hardscoile, ní mór do scoláirí a bhfuil PLP acu tuairiscí foirmiúla ar dhul chun cinn a fháil ag an am céanna le gach scoláire eile, tuairiscí a sholáthraíonn taifead ar a ndul chun cinn.

Tugtar tuairisc ardscoile do scoláirí a fhaigheann *New Brunswick High School Diploma*. Ní thaispeántar socruithe curaclaim a rinneadh ar an diplóma ná ar an tuairisc. Má lean scoláire curaclam mionathraithe/coigeartaithe ní mór é sin a chur in iúl ar an tuairisc, ach ní ar an diplóma.

Is clár ard-diplóma ardscoile malartach í Conair Ghnóthachtála maidir le Scileanna Riachtanacha (ESAP) atá ar fáil do gach scoláire (New Brunswick DEECD, gan dáta). Tugann sé seo deis do scoláirí diplóma a ghnóthú a ullmhaíonn iad le haghaidh oideachais iar-mheánscoile, printíseachta nó saol na hoibre. Is éard atá ann ná 26 deiseanna foghlama sainoiriúnaithe a ligeann do scoláirí a scileanna, a mbuanna, a gcumais agus a spéiseanna a fhiosrú. Tugann sé deis do scoláirí naoi scil riachtanacha aitheanta New Brunswick a bhaint amach: léitheoireacht, scríbhneoireacht, uimhearhacht, cumarsáid ó bhéal, úsáid doiciméad, úsáid ríomhaire, scileanna smaointeoireachta, foghlaim leanúnach agus obair le daoine eile. Áirítear sa chonair iontrála chuig an ionad oibre socrúcháin oibre de 400 uair ar a laghad.

Táthar ag súil go dtosóidh pleanáil d'aistriú scoláirí ón tsraith shinsearach go saol an duine fásta faoi Earrach Ghrád 8 (13 -14 bliana d'aois). Sa dá bhliain dheireanacha d'oideachas na sraithe sinsearaí (16-18 mbliana d'aois), tá gníomhaireachtaí lasmuigh, eagraithe gníomhaíochta pobail agus institiúidí iar-mheánscoile rannpháirteach i bpleanáil aistrithe in éineacht leis an scoláire agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí agus m(h)úinteoirí.

Moladh in athbhreithniú ar shamhail New Brunswick go ndéanfaí faisnéis faoi fhíoras agus riachtanais an mhargaidh saothair inrochtana do scoláirí. Moladh san athbhreithniú freisin go dtabharfaí tosaíocht d'fhoghlaim ó thaithí (New Brunswick DEECD, 2021b; CBC News, 2020).

An Bhreatain Bheag

Tá an tacaíocht a thugtar do pháistí agus do dhaoine óga idir 0 agus 25 bliana d'aois a bhfuil riachtanais bhreise foghlama (ALN) acu agus atá ag fáil oideachais agus/nó oiliúna, faoi threoir ag [Additional Learning Needs and Education Tribunal \(Wales\) Act 2018](#) agus [Additional Learning Needs Code for Wales 2021](#) (Rialtas na Breataine Bige, 2021b). Is é is aidhm don chóras a chur ar chumas fhormhór na bpáistí agus na ndaoine óga ag a bhfuil ALN páirt iomlán a ghlacadh in oideachas príomhshrutha agus deiseanna a thabhairt dóibh a lánchumas a bhaint amach trí rochtain a fháil ar oideachas a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas agus a chuireann ar a gcumas páirt a ghlacadh i bhfoghlaim, leas a bhaint as foghlaim agus taitneamh a bhaint as foghlaim.

In Acht 2018, tugadh isteach pleananna forbartha don duine aonair (IDP) do gach páiste agus duine óg a bhfuil ALN acu, beag beann ar dhéine nó castacht a ndeacrachta foghlama nó a míchumais (Rialtas na Breataine Bige, 2018). Tá cur síos ar ALN an scoláire, agus ar an Soláthar Foghlama Breise (ALP) atá ag teastáil mar gheall ar MFG s'aige/s'aici, san IDP. Sainmhínítear a leithéid de sholáthar mar sholáthar oideachais nó oiliúna atá sa bhreis ar an soláthar, nó éagsúil leis, a chuirtear ar fáil do scoláirí eile den aois chéanna. Is féidir leis a bheith cosúil leis an soláthar scoilbhunaithe a sholáthraíonn baill foirne atá ag obair sa scoil ar nós múinteoirí, cúntóirí teagaisc, agus teagascóirí, nó mar sholáthar spriocdhíritha a sheachadann foireann saineolaithe amhail teiripeoirí urlabhra agus teanga.

I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh tacaíocht ALP a chur ar fáil i suíomhanna speisialtóra lasmuigh de scoil príomhshrutha nó institiúid breisoideachais (FE). Sa chás nach bhfuil daoine óga in oideachas príomhshrutha, bítear ag súil go mbeidh naisc acu lena gcomhghleacaithe i soláthar príomhshrutha (Rialtas na Breataine Bige, 2016).

Forbraíodh curaclam na Breataine Bige (aoiseanna 3-16) le go gcuimseofar gach foghlaimeoir agus tá sé beartaithe chun tacú le scoileanna curaclaim chuimsitheacha scoile a dhearadh agus chun cur ar chumas foghlaimeoirí dul chun cinn feadh an chontanaim foghlama chéanna, ar luas a oireann dóibh (Rialtas na Breataine Bige, 2016). Is iad na seacht Réimse Oideachais agus Taithí ná ealaíona léiritheacha, sláinte agus folláine, na daonnachtaí, teangacha, litearthacht agus cumarsáid, matamaitic agus uimhearthacht, eolaíocht agus teicneolaíocht.

Ó 16 bliana d'aois, táthar ag súil go dtabharfar tacaíocht do scoláirí a bhfuil ALN acu chun rochtain a fháil ar churaclam agus cáilíochtaí a oireann dá gcuid riachtanas. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chonair i dtreo cáilíochtaí [Ard Leibhéal](#) nó i dtreo [Welsh Baccalaureate](#), ar meascán sonraithe cáilíochtaí é, atá ar fáil ag ceann amháin de thrí leibhéal; Bonnleibhéal, Náisiúnta nó Ardleibhéal,

agus tá sé beartaithe chun scoláirí idir 14 agus 19 mbliana d'aois a ullmhú le haghaidh infhostaitheachta, staidéir bhreise agus saoil (Rialtas na Breataine Bige, 2022b). D'fhéadfadh go mbeadh daoine óga ag staidéar le haghaidh cáilíochtaí [TGMO](#) (de ghnáth ag thart ar 16 bliana d'aois), ag leanúint conairí i dtreo raon de [ghairmcháilíochtaí](#), nó ag déanamh cáilíochtaí [Essential Skills Wales](#).

Ní mór measúnú maidir le gach cáilíocht do dhaoine óga a dhéanamh inrochtana dóibh siúd a bhfuil riachtanais ar leith acu, gan baint den cháilíocht ag an gcaighdeán atá ag teastáil. Táthar ag súil go mbainfidh ionaid leas as measúnú tosaigh chun aon tacaíocht aonair nó coigeartuithe aonair a theastaíonn a aithint.

Is minic a leanann foghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí troma agus iomadúla foghlama (PMLD) acu na hábhair [Routes for Learning](#) (Rialtas na Breataine Bige, 2020a, 2021a). Soláthraíonn an [Routemap](#) de chuid Routes for Learning treoir chun cabhrú le cleachtóirí foghlaimeoirí a bhfuil PMLD acu a mheas agus an bealach is fearr chun tacú leo a aithint (Rialtas na Breataine Bige, 2020b). Díríonn siad ar thrí phríomhthosaíocht foghlama:

- Luathfhorbairt chognaíoch
- Scileanna cumarsáide agus idirghníomhaíochta sóisialta
- Idirghníomhú leis an gcomhshaol (ibid.).

Cuimsíonn plean forbartha don duine aonair don scoláire faisnéis chun tacú leis an aistriú/na haistrithe, mar shampla sonraí an aistrithe/na n-aistrithe a bhfuiltear ag súil lena dhéanamh/ndéanamh; aon duine a shainaithint atá freagrach as socruithe aistrithe a chomhordú; gníomhartha comhaontaithe na ngairmithe agus/nó na ngníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le tacú leis an aistriú; agus cuspóirí agus torthaí a bhfuil an t-aistriú ceaptha tacú leo (Rialtas na Breataine Bige, 2020b). Tá sé i gceist go gcabhróidh pleanáil aistrithe leis na dúshlán mhothúchána agus phraiticiúla atá amach romhainn, agus go gcuimseofar plé, mar chuid den phlean aistrithe deiridh, maidir lena dtarlaíonn nuair a thagann deireadh le IDP duine óg, agus cén tacaíocht atá ar fáil dóibh ina gcéad chéim eile sa saol. Tá sé mar aidhm ag an bpleanáil seo tacú le daoine aonair barr a gcumais a bhaint amach agus saolta neamhspleácha, lánsásta a bheith acu.

Achoimre ar an gCuid seo

Sa Nua-Shéalainn, Queensland (An Astráil), New Brunswick (Ceanada) agus sa Bhreatain Bheag, cuirtear oideachas ar scoláirí le MFG i suíomhanna príomhshrutha nuair is féidir. Cuirtear oideachas ar roinnt scoláirí faoi mhíchumas géar agus trom i scoileanna speisialta. Aithníonn teagasc, foghlaim agus measúnú sna dlínsí seo an gá atá le breithniú a dhéanamh ar riachtanais chasta na scoláirí a bhfuil RSO acu.

Leag an mhír béim ar chuimsiú na scoláirí le MFG a éascú ar chonairí oideachais príomhshrutha meánscoile sinsearaí, agus ar a ndeiseanna a uasmhéadú rochtain a fháil ar an gcuraclam príomhshrutha agus ar na cáilíochtaí atá le fáil ar fud na ndlínsí. Tacaíonn socruithe curaclaim agus cúrsa leis seo. Má tá scoláirí i soláthar speisialtóra ar leithligh, tá ionchais ghinearálta ann freisin go gcuimseoidh na conairí a leanann siad naisc lena gcomhghleacaithe i soláthar príomhshrutha. Ar fud na ndlínsí go léir, meastar go bhfuil an t-uainiú tábhachtach agus

tosaíonn an phleanáil don aistriú go meánscoil shinsearach agus níos faide anonn i bhfad sula mbogann na scoláirí ó mheánscoil íochtarach go meánscoil shinsearach.

Déantar conairí na sraithe sinsearaí do scoláirí a oiriúnú, a thaifeadh agus a athbhreithniú i bpleananna aonair a threoraíonn an fhoghlaim. Meastar gur tacaíocht thábhachtach iad taifid ar ghnóthachtáil scoláirí maidir le haistrithe scoláirí chuig an saol tar éis na scoile, mar aon le pleananna aistrithe. Dírionn na pleananna seo d'fhoghlaim agus d'ionad aistrithe ar shuimeanna ar leith, stíleanna foghlama, láidreachtaí, scileanna, riachtanais agus uailmhianta don todhchaí. Is iondúil a chuimsíonn siad machnamh ar fhorbairt scileanna saoil, scileanna iompraíochta agus láimhseála, scileanna cumarsáide, scileanna acadúla/staidéir, scileanna feidhmiúla, agus scileanna infhostaitheachta. Sa mheánscoil shinsearach is féidir díriú freisin ar naisc lasmuigh den chóras oideachais, mar shampla, ar rannpháirtíocht an phobail, taithí san ionad oibre agus foghlaim ó thaithí, chun scoláirí a ullmhú don saol tar éis na sraithe sinsearaí.

5. Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu

Sa chuid seo leagtar amach roinnt saincheisteanna atá le breithniú i bhforbairt mhodúl na sraithe sinsearaí do scoláirí atá ag dul ar aghaidh ó CFL1anna agus CFL2anna. Eascraíonn na saincheisteanna seo as nádúr chláir foghlama na sraithe sóisearaí óna bhfuil na scoláirí ag aistriú agus tarraingíonn siad ar théamaí a tháinig chun cinn sna codanna roimhe seo sa cháipéis eolais seo.

Spriocghrúpa agus critéir chun na modúil a rochtain

Díríonn CFL1anna agus CFL2anna ar ghrúpa beag scoláirí sa tsraith shóisearach ag a bhfuil sainriachtanais foghlama. I rith an phróisis forbartha ar mhodúil leantacha sa tsraith shinsearach beidh sé riachtanach fanacht ar an eolas ar an spriocghrúpa scoláirí do na modúil seo chun a chinntiú go mbeidh rochtain acu ar churaclam cuí na sraithe sinsearaí, gur féidir leo páirt a ghlacadh ann agus leas a bhaint as. Thabharfadh aiseolas ón athbhreithniú ar CLF1anna agus CFL2anna sa tsraith shóisearach le fios gombaidh sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun na critéir le rochtain a fháil ar na modúil seo sa tsraith shinsearach a shoiléiriú agus a chur in iúl do na páirtithe leasmhara go léir.

Leanúnachas agus dul chun cinn

Ní mór don phróiseas forbartha machnamh a dhéanamh ar conas is féidir an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a fhorbraítear sa tsraith shóisearach ar fud na PLUanna agus na ngearrchúrsaí a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn sa tsraith shinsearach agus a aistriú lasmuigh den scoil, agus conas is féidir aghaidh a thabhairt ar riachtanais aonair na scoláirí. Tugann léargas a fuarthas ón athbhreithniú ar CFL1anna agus CFL2anna le fios go bhfuil sé riachtanach do na modúil tógáil ar an bhfoghlaim sna PLUanna; a bheith scoláire-láraithe agus oiriúnach ó thaobh aoise, comhscoláirí agus riachtanas foghlama de agus cuirfidh siad le fás agus aibíocht intleachtúil, shóisialta agus phearsanta an scoláire.

Ina theannta sin, tá sé tráthúil machnamh a dhéanamh ar réimsí eile foghlama nár tugadh aghaidh orthu go dtí seo, b'fhéidir, sna CFL1anna agus sna CFL2anna do mhodúil na sraithe sinsearaí. Tá sé tábhachtach a léiriú go n-athraíonn riachtanais forbartha agus shóisialta gach scoláire de réir mar a théann siad in aois, agus ba chóir go dtabharfadh na modúil leantacha aghaidh ar an bhforbairt seo. Chun tacú le haistriú scoláirí ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach beidh pleanáil chúil i gceist agus ba chóir cuimhneamh ar an mbealach is fearr chun tacú leis an bpróiseas pleanála seo.

Ailíniú leis an NFQ

Tá na comhpháirteanna curaclaim a chuimsíonn CFL1anna ar aon dul leis na táscairí foghlama ag Leibhéal 1 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Mar an gcéanna, i gcás CFL2anna, tá na torthaí foghlama do gach PLU agus gach gearrchúrsa ailínithe go ginearálta leis na táscairí leibhéil do Leibhéal 2 den CNC. I gcomhthéacs modúl leantach sa tsraith shinsearach, beidh gá le táscairí leibhéil an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí, ar chóir torthaí foghlama na modúl leantach seo a ailíniú tríd is tríd leo, a mheas.

Treoirlínte do scoileanna agus do mhúinteoirí

Mura bhfuil Creat don tSraith Shinsearach ann beidh sé tábhachtach cuimhneamh ar nádúr agus scóip na dtreoirlínte a bheidh ag teastáil, go háirithe i gcéim achtaithe tosaigh, chun cabhrú le múinteoirí i suíomh ar bith cláir foghlama a dheardh chun freastal ar riachtanais ar leith na scoláirí atá i gceist.

An tsraith shinsearach chomhtháite

Beidh ar an bhforbairt de mhodúil leantacha machnamh a dhéanamh ar threoirphrionsabail na sraithe sinsearaí athfhorbartha chun a chinntiú go mbainfear cuspóir agus fíis fhoriomlán na sraithe sinsearaí amach. De bhreis air seo ní mór cuimhneamh ar a mhéid a bheartaítear go dtabharfaidh na scoláirí a fhaigheann rochtain ar na modúil seo i suíomhanna príomhshrutha faoina gcuid foghlama i ranganna príomhshrutha.

Faoi láthair sa tsraith shinsearach, tá obair ar bun chun Ráiteas Cláir na hIdirbhliana a athbhreithniú ag an am céanna le forbairt na modúl seo. Beidh machnamh cúramach ag teastáil chun plé leis an bhféidearthacht a bhaineann leis na modúil seo a chomhtháthú i gclár Idirbhliana leasaithe i scoil.

Lena chois sin ní mór machnamh a dhéanamh ar a chinntiú go gcuirtear solúbthacht shuntasach thábhachtach ar fáil chun freastal ar scoláirí a roghnaíonn sraith shinsearach 2 bhliain nó 3 bliana a dhéanamh.

Measúnú, tuairisciú agus teastasú

Beidh go leor plé le déanamh ar an measúnú, tuairisciú agus teastasú is oiriúnaí agus modúil leantacha á bhforbairt. Shonraigh léargais ón athbhreithniú ar CFL1anna agus CFL2anna go raibh an measúnú leanúnach ar an rud is oiriúnaí do na cohóirt scoláirí seo, agus d'aithin tuismitheoirí, múinteoirí agus páirtithe leasmhara an tábhacht agus an luach do gach scoláire a bhí ag fáil teistiméireachta ag an am céanna beag beann ar an leibhéal a raibh rochtain acu ar an gcuraclam.

Chomh maith le gnéithe agus riachtanais na modúl seo le haghaidh deimhniúcháin a aithint, beidh sé riachtanach freisin an mheicníocht le haghaidh tuairiscithe agus deimhniúcháin a mheas.

Conairí éagsúla agus aistrithe

Is cuid thábhachtach den tsraith shinsearach é tacú le scoláirí agus iad ag pleanáil don aistriú isteach sa saol tar éis na scoile agus le haghaidh réimse leathan nithe amach anseo. Bíodh is go bhfuil brí éagsúil ag an neamhspleáchas do scoláirí éagsúla, tá sé tábhachtach do chách. Beidh machnamh ag teastáil ar an gcaoi a bhféadfaí modúil a cheapadh chun cabhrú le scoláirí scileanna a fhorbairt don ionad oibre, do bhreisoideachas/ardoideachas, do ghairmoideachas, do rannpháirtíocht sa phobal agus/nó do sheirbhísí do dhaoine fásta.

Forbairt ghairmiúil agus cleachtais ionchuimsitheacha

Tugann taighde a rinneadh le déanaí le fios go bhfuil easpa muiníne i measc múinteoirí réamhsheirbhíse as a gcuid eolais agus a gcumas cleachtais chuimsitheacha a chur i bhfeidhm i scoileanna agus gur mian leo tuilleadh tacaíochta sa réimse seo (NSCE, 2017). Léiríodh é seo i dtorthaí an athbhreithnithe d'achtú shonraíochtaí ar na CFL1anna agus na CFL2anna, go háirithe nuair a thug go leor múinteoirí príomhshrutha le fios go raibh easpa muiníne acu scoláirí a bhfuil riachtanais foghlama níos casta acu a theagasc. Bíodh is gur shainaithin an Creatlach um Fhoghlaim Múinteoirí de chuid Cosán (an Chomhairle Mhúinteoireachta 2016b) 'cuimsiú' mar cheann dá réimsí foghlama tosaíochta, ní mholann sé aon chaighdeán ná inniúlachtaí ar leith san oideachas ionchuimsitheach go soiléir. Bheadh tionchar dearfach ag soláthar agus maoiniú FGL níos oiriúnaithe do mhúinteoirí ar theagasc agus ar fhoghlaim don chohórt sin scoláirí.

6. Treoir don Mheitheal Forbartha Oideachas Speisialta Iar-bhunscolaíochta

Bhunaigh CNCM Meitheal Forbartha Oideachas Speisialta Iar-bhunscolaíochta le déanaí chun tabhairt faoi, ar an gcéad ásc, an obair a theastaíonn chun sraith modúl a fhorbairt don scoláire sa tsraith shinsearach a leanann CFL1anna agus CFL2anna ag an tsraith shóisearach. Cuirfidh an mheitheal seo tacaíocht ar fáil freisin le haghaidh athbhreithniú agus forbairt curaclaim a bhaineann le CFL1anna agus CFL2anna de chuid na sraithe sóisearaí. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach leagtha amach thíos.

Déanfar na modúil a fhorbairt chun tacú le cuspóir na físe a bhaint amach le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha mar atá leagtha amach in Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Cuireann na treoirphrionsabail caighdeán ar fáil don Mheitheal Forbartha mar atá sonraithe sa Tuarascáil Chomhairleach agus iad ag tabhairt faoi fhorbairt na sraithe modúl seo ag an tsraith shinsearach.

Beidh na modúil scoláire-láraithe agus oiriúnach ó thaobh aoise, comhscoláirí agus riachtanas foghlama de agus cuirfidh siad le fás agus aibíocht intleachtúil, shóisialta agus phearsanta an scoláire. D'fhéadfadh an leibhéal ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí lena mbeadh na modúil ailínithe athrú de réir mar ba chuí.

Beidh taighde mar bhonn eolais faoi dheardh na modúl, beidh píosa tábhachtach den taighde sin déanta ag CNCM i dtaca le nádúr agus dearadh na sonraíochtaí curaclaim d'oideachas na sraithe sinsearaí. Tabharfaidh an mheitheal forbartha comhairle faoin leithdháileadh ama ab oiriúnaí do na modúil.

Críochnófar na modúil le haghaidh Fhómhar 2024.

Le bheith níos sonraí, tabharfaidh forbairt na modúl nua aghaidh orthu seo a leanas:

- An chaoi a n-ailíníonn na modúil le treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí agus conas is féidir iad a chomhtháthú ar fud na sraithe sinsearaí athfhorbartha.
- An chaoi ar féidir leis na modúil tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear an chaoi chun nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar agus chun cur léi agus in ábhair eile sa tsraith shinsearach agus i modúil eile chomh maith le foghlaim as seo amach sa saol, i staidéar, i cúrsaí fiontraíochta, i dtraenáil, in ardoideachas, i bprintíseachtaí, i dtréimhsí oiliúna, agus sa saol oibre.
- An chaoi ar féidir leis na modúil tacú le scoláirí scileanna saoil a fhorbairt agus cur le fás agus aibíocht intleachtúil, sóisialta agus pearsanta an scoláire.
- An chaoi ar féidir leis na modúil tacú le forbairt na cumarsáide, na litearthachta agus uimhearthachta de chuid an scoláire.

- An chaoi ar féidir leis na modúil tacú le scoláirí caidrimh dhearfacha a fhorbairt le daoine eile ina bpobal, bíodh an pobal sin ina dteaghlach, sa scoil nó sa phobal i gcoitinne ina gcónaíonn siad.
- An chaoi ar féidir leis na modúil a chur ar chumas na scoláirí an oiread smachta agus is féidir a ghlacadh ar a gcúram agus a bhfolláine phearsanta.
- An chaoi chun roinnt deiseanna éagsúla agus cuí a thabhairt don scoláire a chuid foghlama a bhaint amach agus a thaispeáint.
- Raon feidhme agus foirm an tuairiscithe, agus raon iomlán na n-éachtaí agus na n-eispéireas á n-aithint mar is cuí.
- An chaoi ar féidir gnóthachtáil a dheimhniú.
- An chaoi ar féidir leis na modúil, ina gcuir i láthair agus ina réim theanga, a bheith scoláire-láraithe agus fócas soiléir a bheith acu ar an gcaoi a bhforbraíonn agus a dtaispeánann an scoláire a eolas, scileanna, luachanna agus meonta.
- An chaoi ar féidir leis na modúil, ina gcuir i láthair, tacú le múinteoirí agus iad ag pleanáil i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnaithe, lena n-áirítear an chaoi a bhféadfadh fócas a fhorbairt ar réimse scileanna ábhartha a chothú.
- An chaoi chun glacadh le teicneolaíocht agus í agus a chur i bhfeidhm go daingean i múinteoireacht, foghlaim agus measúnú.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe, sa chéad dul síos, ar an bpáipéar treorach seo. Agus í i mbun a cúraimí, iarrfar ar an Meitheal Forbartha freisin:

- Breathnú ar thorthaí an Athbhreithnithe ar an Luath-Achtachán ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí.
- Cur le hathbhreithniú agus forbairt PLUnna agus gearrchúrsaí sa tsraith shóisearach de réir mar is gá.
- Tacaíochtaí agus acmhainní riachtanacha a shainaithint chun an curaclam a chur i ngníomh go rathúil, m.sh., samplaí de straitéisí oideolaíocha, cás-staidéir, CLF1anna samplacha agus CLF2anna samplacha, comhoibriú le seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí srl.

I rith obair agus plé na Meithle Forbartha, d'fhéadfaí tuilleadh eolais faoi na pointí seo agus pointí breise a chur leis an bpáipéar treorach.

Tagairtí

Rialtas na hÉireann (2004) An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004 (Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais) @ <http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2004/A3004.pdf>

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2015). *The NZC: a Curriculum for All Students* [ar líne]. Ar fáil: <https://nzcurriculum.tki.org.nz/Inclusive-practices/Implementing-an-inclusive-curriculum/The-NZC-A-curriculum-for-all-students> (rochtain ar an 28 Iúil, 2022).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2019). *National Transition Guidelines* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.education.govt.nz/school/student-support/special-education/national-transition-guidelines-for-students-with-additional-learning-needs/national-transition-guidelines/>

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2020). *The New Zealand Curriculum Online: Key Competencies* [ar líne]. Ar fáil: <https://nzcurriculum.tki.org.nz/Key-competencies> (rochtain ar an 28 Iúil, 2022).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2021). *Students with Learning Support Needs* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.education.govt.nz/school/student-support/special-education/> (rochtain ar an 28 Iúil, 2022).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2022a). *Entering into a Specialist Education Agreement (previously known as Section 9 Agreements)* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.education.govt.nz/school/student-support/special-education/entering-into-a-section-9-agreement/> (rochtain ar an 1 Meitheamh, 2022).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2022b). *Inclusive Education* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.education.govt.nz/school/student-support/inclusive-education/> (rochtain ar an 26 Iúil, 2022).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2022c). *The Education and Disability Legislation Guiding our Approach to Learning Support* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.education.govt.nz/school/student-support/special-education/education-disability-legislation/#:~:text=Education%20and%20Training%20Act%202020%20%2D%20Section%2034,as%20people%20who%20do%20not%22> (rochtain ar an 28 Iúil, 2022).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (2022d). *The Education and Training Act 2020: Information for Boards* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.odi.govt.nz/nz-disability-strategy/> (rochtain ar an 28 Iúil, 2022).

Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne (gan dáta). *Inclusive Education: Guide to Universal Design for Learning* [ar líne]. Ar fáil: <https://inclusive.tki.org.nz/guides/universal-design-for-learning/> (rochtain ar an 28 Iúil, 2022).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1999). *Riachtanais Speisialta Oideachais: Ceisteanna Curaclaim, Plépháipéar*. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). Creatchuraclam na Sraithe Sóisearaí do Scoláirí faoi Mhíchumais Foghlama Ghinearálta. I dTreo Plépháipéar CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015). Cláir Foghlama Leibhéal 1: Cáipéis Eolais. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2018). Cláir Foghlama Leibhéal 1: Treoirlínte do Mhúinteoirí. CNCM: Baile Átha Cliath.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022). Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach. CNCM: Baile Átha Cliath.

Ar fáil: <https://www.odi.govt.nz/nz-disability-strategy/> (rochtain ar an 28 Iúil, 2022).

Banks, J. agus McCoy, S., 2017. An Irish solution...? Questioning the expansion of special classes in an era of inclusive education. *The Economic and Social Review*, 48(4, Geimhreadh), lgh. 441-461.

CBC News (2020). *New Brunswick: Education Minister calls for Review of Classroom Inclusion Policy* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.cbc.ca/news/canada/new-brunswick/inclusion-policy-education-nb-cardy-1.5473448> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2014) Eolas do Thuismitheoirí/Caomhnóirí Páistí agus Daoine Óga faoi Mhíchumas Ginearálta Foghlama @ [Information for Parents and Guardians of Children and Young People with General Learning Disabilities \(ncse.ie\)](#).

Flood, E. (2013). *Assisting Children with Special Needs: An Irish Perspective*. 2ú heag. Baile Átha Cliath: Gill Education.

Glendenning, D. (1999). Country Report: Ireland the Education Act 1998. *European Journal for Education Law and Policy*, 3:61-65

Glendenning, D. (2001) Youthreach: the legislative framework and its implications for policy and practice. <http://www.youthreach.ie/aatopmenu/Library/Glendenning/Glend2.html>

INTO (2013). *Supporting Special Education in the Mainstream School* Ar fáil: <https://www.into.ie/ROI/Publications/SupportingSpecialEduc.pdf>

Kenny, N., McCoy, S. agus Mihut, G., (2020). Special education reforms in Ireland: changing systems, changing schools. *International Journal of Inclusive Education*, lgh. 1-20.

MacGiolla, P. (2007) Towards inclusion: the development of provision for children with special educational needs in Ireland from 1991 to 2004, *Irish Educational Studies*, 26:3, 289-300.

McCoy, S., Banks, J. agus Shevlin, M., (2016). Insights into the prevalence of special educational needs. *EQUALLY*, lch. 153.

McCoy, S., Quail, A. agus Smyth, E. (2014a). "The Effects of School Social Mix: Unpacking the Differences." *Irish Educational Studies* 33 (3): 307-330.

Meaney, M., Kiernan, N. agus Monahan, K., (2005). *Special educational needs and the law*. Thomson Round Hall.

National Disability Insurance Agency (2022). *School Leaver Employment Supports* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.ndis.gov.au/providers/working-provider/school-leaver-employment-supports> (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (2022). *Policy 316: Graduation Requirements for a New Brunswick High School Diploma* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/dam/gnb/Departments/ed/pdf/K12/policies-politiques/e/316AA.pdf> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (2022b). *Provincial Assessment Program: Protocols for Accommodations and Exemptions*. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/dam/gnb/Departments/ed/pdf/K12/eval/ProtocolsForAccommodationsAndExemptions.pdf> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (2021a). *Moving Forward. From Policy to Practice: Implementing and Supporting Policy 322, Inclusive Education. Advice to the Deputy Minister* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/dam/gnb/Departments/ed/pdf/K12/moving-forward.pdf> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (2021b). *Report on the Status of Inclusive Education 2020-2021: Consultations, Discussions, Reflections* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/dam/gnb/Departments/ed/pdf/K12/report-on-the-status-of-inclusive-education-2020-2021.pdf> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (2015a). *Accommodations for Instruction and Assessment* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/dam/gnb/Departments/ed/pdf/K12/AccommodationsForInstructionAndAssessment.pdf> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (2015b). *Guidelines and Standards: Educational Planning for Students with Diverse Learning Needs* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/dam/gnb/Departments/ed/pdf/K12/curric/Resource/GuidelinesStandardsEducationalPlanningStudentsWithExceptionalities.pdf> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (2013). *Policy 322: Inclusive Education* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/dam/gnb/Departments/ed/pdf/K12/policies-politiques/e/322A.pdf> (5 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (2009). *Inclusive Education* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/dam/gnb/Departments/ed/pdf/K12/Inclusion/DefinitionOfInclusion.pdf> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (gan dáta). *Clár Chonair Ghnóthachála maidir le Scileanna Riachtanacha (ESAP)*. Ar fáil:

<https://www2.gnb.ca/content/gnb/en/departments/education/k12/content/esap.html> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (gan dáta). *Respect, Diversity, Inclusion* [ar líne]. Ar fáil: <https://www2.gnb.ca/content/gnb/en/departments/education/k12/content/rdi.html> (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

New Brunswick Department of Education and Early Childhood Development (gan dáta). *Universal Design for Learning* [ar líne]. Ar fáil: https://www2.gnb.ca/content/gnb/en/departments/education/k12/content/anglophone_sector/universal.html (rochtain ar an 8 Lúnasa, 2022).

O'Donoghue, T. agus Harford, J., (2010). Troubling some generalisations on teacher education in the English-speaking world: the case of the Republic of Ireland. *South African Journal of Education*, 30(1).

Oifig na Nua-Shéalainne um Shaincheisteanna Míchumais (2022). *New Zealand Disability Strategy* [ar líne]. Ar fáil: Qualifications Wales (2022a). *AS and A Levels* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qualificationswales.org/english/qualifications/gcses-and-a-levels/as-and-a-levels/> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Qualifications Wales (2022b). *Essential Skills Wales* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qualificationswales.org/english/qualifications/essential-skills-wales/> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Qualifications Wales (2022c). *TGManna* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qualificationswales.org/english/qualifications/gcses-and-a-levels/gcses/> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Qualifications Wales (2022d). *The Welsh Baccalaureate* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qualificationswales.org/english/qualifications/welsh-baccalaureate/> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Qualifications Wales (2022e). *Update to the Design Principles for the Essential Skills Wales Suite of Qualifications* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qualificationswales.org/english/publications/update-to-the-design-principles-for-the-essential-skills-wales-suite-of-qualifications/> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Qualifications Wales (2022f). *Vocational Qualifications* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qualificationswales.org/english/qualifications/vocational-qualifications/> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Qualifications Wales (2022g). *What are Essential Skills Wales?* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qualificationswales.org/english/qualifications/essential-skills-wales/what-are-essential-skills-wales-qualifications/> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Queensland Government (2020). Teastas Oideachais Queensland [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qld.gov.au/education/career/qualifications/qce> (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2022).

Rialtas na hAstráile An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. An Roinn um Fostaíocht agus Caidreamh san Áit Oibre (2020). *National Disability Coordination Officer Program* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.dese.gov.au/access-and-participation/ndco#:~:text=The%20National%20Disability%20Coordination%20Officer,tertiary%20education%20and%20subsequent%20employment> (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

Rialtas na hÉireann (1965). Tuarascáil: coimisiún Fiosrúcháin ar Bhac Meabhrach. Oifig an tSoláthair. Baile Átha Cliath.

Rialtas na hÉireann (1993). *Tuarascáil Choiste Athbhreithnithe ar an Oideachas Speisialta* (SERC) Baile Átha Cliath: 53.

Rialtas na hÉireann (1995). *Páipéar Bán an Rialtais ar an Oideachas: Cairt don Oideachas sna Blianta Romhainn*. Baile Átha Cliath: 7.

Rialtas na hÉireann (1998) An tAcht Oideachais 1998 (Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais).

Rialtas na hÉireann (2000) Treoirlínte tacaíochta foghlama (Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais).

Rialtas na hÉireann (2001a) Tuarascáil an tascfhórsa maidir leis an disléicse (Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais). Rialtas na hÉireann (2001b) Tuarascáil an tascfhórsa maidir leis an uathachas (Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais).

Rialtas Queensland (2021). *Inclusive Education Policy* [ar líne]. Ar fáil: <https://ppr.qed.qld.gov.au/pp/inclusive-education-policy> (rochtain ar an 26 Iúil, 2022).

Rialtas Queensland (2022a). *Every Student with Disability Succeeding Plan* [ar líne]. Ar fáil: <https://education.qld.gov.au/initiatives-and-strategies/strategies-and-programs/every-student-with-disability-succeeding-plan> (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

Rialtas Queensland (2022b). *General Information for Students with Disability* [ar líne]. Ar fáil: <https://education.qld.gov.au/students/students-with-disability/supports-for-students-with-disability/general-information> (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (gan dáta). *Special Assessment Conditions* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.nzqa.govt.nz/providers-partners/assessment-and-moderation-of-standards/managing-national-assessment-in-schools/special-assessment-conditions/> (rochtain ar an 28 Iúil, 2022).

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland (2018). *Queensland Certificate of Individual Achievement* [ar líne]. Ar fáil: https://www.qcaa.qld.edu.au/downloads/senior/qcia_brochure_2.pdf (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland (2022a). *Guideline for Individual Learning (GIL)* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qcaa.qld.edu.au/senior/certificates-and-qualifications/qcia/curriculum-planning-gil> (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland (2022b). *Queensland Certificate of Individual Achievement (QCIA)* [ar líne]. Ar fáil: <https://www.qcaa.qld.edu.au/senior/certificates-and-qualifications/qce-qcia-handbook/3-qcia> (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

Rialtas Queensland (2022c). *Students with Disability* [ar líne]. Ar fáil: <https://education.qld.gov.au/students/students-with-disability> (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

Rialtas Queensland. Roinn Oideachais (gan dáta). *Transition to Post-school for Students with Disability: Fact Sheet for Students and Parents/Carers* [ar líne]. Ar fáil: <https://education.qld.gov.au/student/students-with-disability/supports-for-students-with-disability/Documents/transition-to-post-school.pdf> (rochtain ar an 25 Iúil, 2022).

Shevlin, M., 2016. Historical overview of developments in special education in Ireland. I *Essays in the History of Irish Education* (Igh. 181-201). Palgrave Macmillan, Londain.

Shiel, G., Morgan, M. & Larney, R. (1998) Study of remedial education in Irish primary schools (Baile Átha Cliath, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta).

Stevens, P. agus O'Moore, M., (2009). *Inclusion or illusion? Educational provision for primary school children with mild general learning disabilities*. Orpen Press.

Rialtas na Breataine Bige (2016). *Inclusion and Pupil Support: Guidance* [ar líne]. Ar fáil: https://gov.wales/sites/default/files/publications/2018-05/guidance-inclusion-and-pupil-support_0.pdf (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Rialtas na Breataine Bige (2018). *Additional Learning Needs (ALN) Factsheets* [ar líne]. Ar fáil: <https://gov.wales/additional-learning-needs-aln-factsheets> (rochtain ar an 22 Lúnasa, 2022).

Rialtas na Breataine Bige (2020a). *Routes for Learning: Guidance* [ar líne]. Ar fáil: <https://hwb.gov.wales/api/storage/f4133444-0b1d-4f66-aa46-8f76edd09199/curriculum-2022-routes-for-learning-guidance-final-web-ready-e-130720.pdf> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Rialtas na Breataine Bige (2020b). *Routes for Learning: Routemap* [ar líne]. Ar fáil: <https://hwb.gov.wales/api/storage/06ee7de9-52d0-4c2e-b5a8-f4928fc823a0/curriculum-2022-routes-for-learning-routemap-final-web-ready-e-110620.pdf> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Rialtas na Breataine Bige (2021a). *Routes for Learning* [ar líne]. Ar fáil: <https://hwb.gov.wales/curriculum-for-wales/routes-for-learning/#routes-for-learning:-guidance> (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).

Rialtas na Breataine Bige (2021b). *The Additional Learning Needs Code for Wales 2021* [ar líne]. Ar fáil: <https://gov.wales/additional-learning-needs-code> (rochtain ar an 23 Lúnasa, 2022).

Rialtas na Breataine Bige (2022a). *The Additional Learning Needs Transformation Programme: Frequently Asked Questions* [ar líne]. Ar fáil: [https://gov.wales/additional-learning-needs-transformation-programme-frequently-asked-questions.html#:~:text=The%20additional%20learning%20needs%20\(ALN,%20For%20disabilities%20\(LDD\)](https://gov.wales/additional-learning-needs-transformation-programme-frequently-asked-questions.html#:~:text=The%20additional%20learning%20needs%20(ALN,%20For%20disabilities%20(LDD)) (rochtain ar an 30 Lúnasa, 2022).



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláir agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment